

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Rialacháin, orduithe agus ordacháin.
4. Aisghairm agus cúlghairm.

CUID II

FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

5. Feidhmeanna ionadaitheacha údarás áitiúil.
6. Inniúlacht ghinearálta údarás áitiúil.
7. Aird a bheith ag údaráis áitiúla ar nithe áirithe le linn feidhmeanna a chomhlíonadh.
8. Feidhmeanna coimhdeacha údarás áitiúil agus forálacha eile maidir lena bhfeidhmeanna.
9. Feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla.

CUID III

TOGHCHÁIN ÁITIÚLA AGUS NITHE GAOLMHARA

10. Toirmeasc ar vótáil iolrach.
11. Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965.
12. Toghlímistéir áitiúla i gcontaebhuirgí.
13. Airí den Rialtas agus Airí Stáit a dhícháiliú chun bheith ina gcomhaltaí d'údaráis áitiúla.

Alt

14. Toghcháin áitiúla d'údaráis áitiúla áirithe a chur siar.
15. Téarma oifige comhaltaí áirithe d'údaráis chuain áirithe a shíneadh.
16. Téarma oifige comhaltaí áirithe de choistí gairmoideachais áirithe a shíneadh.

CUID IV

ATHEAGRÚ RIALTAIS ÁITIÚIL DO CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH

17. Léiriú (Cuid IV).
18. Coistí limistéir a bhunú.
19. Feidhmeanna a tharmligean chun coistí limistéir.
20. Socruithe bainistíochta do choistí limistéir.
21. Bainisteoirí contae cúnta do choistí limistéir.
22. Bainisteoirí contae do chontaetha nua.
23. Tuarascáil ar ullmhúcháin maidir le comhairlí beartaithe a bhunú.
24. Rialacháin i ndáil le hullmhúcháin do bhunú comhairlí beartaithe.
25. Ordacháin chun críocha na Coda seo.
26. Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985.

CUID V

TEORAINN ÚDARÁIS ÁITIÚIL A ATHRÚ

27. Léiriú (Cuid V).
28. Coistí teorann.

Alt

29. Togra agus iarratas chun teorainn údaráis áitiúil a athrú.
30. Forálacha forlíontacha maidir le halt 29.
31. Cumhacht an Aire teorainn a athrú le hordú.
32. Iarraidh ar choiste teorann tuarascáil a thabhairt maidir le nithe áirithe.
33. Tuarascáil ó choiste teorann maidir le teorainn.
34. Forálacha a leanfaidh as athrú teorann.
35. Idirthréimhseach.

CUID VI

COISTÍ AGUS COMHCHOISTÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

36. “Údarás áitiúil” (Cuid VI).
37. Coistí údarás áitiúil.
38. Comhchoistí údarás áitiúil.
39. Comhaltas de choistí agus de chomhchoistí.
40. Rialacháin (Cuid VI).

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

41. Feidhmeanna forchoimeádta.
42. Liúntais do chathaoirligh údarás áitiúil.
43. Údaráis réigiúnacha a bhunú.
44. Leasú ar an Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955.

Alt

45. Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963.
46. Costais siamsaíochta agus costais ghaolmhara údarás áitiúil.
47. Seilbh oifige ag bainisteoirí.
48. Onóracha sibhialta.
49. Nascadh limistéar údarás áitiúil.
50. Tuarascáil bhliantúil údarás áitiúil.
51. Costais comhaltaí údarás áitiúil agus ionadaíocht d'údaráis áitiúla ag comhdhálacha.
52. Cumhacht chun achtacháin a leasú, a aisghairm, etc., agus chun rialuithe áirithe a fhearann ar údaráis áitiúla a ligean thar ceal.
53. Leasú ar Acht na nÚdarás nÁitiúil (Có-Cheannach), 1939.
54. Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil, 1941.
55. Caiteachais.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955	1955, Uimh. 12
<i>Commissioners' Clauses Act</i> , 1847	1847, c. 16
Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1929	1929, Uimh. 1
Achtanna Bainistí Chathair Chorcaí, 1929 go 1988	
Acht Bainistí Chathair Chorcaighe (Leasú), 1941	1941, Uimh. 5
An tAcht um Bainistí Chontae, 1940	1940, Uimh. 12
Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988	
An tAcht Toghcháin, 1963	1963, Uimh. 19
An tAcht Cuanta, 1946	1946, Uimh. 9
Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934	1934, Uimh. 35
Achtanna Bainistí Chathair Luimnigh, 1934 go 1988	
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Có-Cheannach), 1939	1939, Uimh. 14
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926	1926, Uimh. 39
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936	1936, Uimh. 55
Acht na nÚdarás nÁitiúil (Comhar-Árachas), 1926	1926, Uimh. 34

Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1986	
An tAcht Rialtais Áitiúla, 1925	1925, Uimh. 5
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946	1946, Uimh. 24
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1955	1955, Uimh. 9
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1985	
An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930	1930, Uimh. 27
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1945	1945, Uimh. 8
An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1967	1967, Uimh. 4
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1930 go 1988	
<i>Local Government (Ireland) Act</i> , 1902	1902, c. 28
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963	1963, Uimh. 28
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976	1976, Uimh. 20
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1990	
<i>Municipal Corporations (Ireland) Act</i> , 1840	1840, c. 105
<i>Municipal Privileges (Ireland) Act</i> , 1876	1876, c. 76
<i>Public Health and Local Government Conferences Act</i> , 1885	1885, c. 17
<i>Public Health (Ireland) Act</i> , 1878	1878, c. 52
<i>Towns Improvement (Ireland) Act</i> , 1854	1854, c. 104
Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939	1939, Uimh. 25
Achtanna Bainistí Chathair Phort Láirge, 1939 go 1988	



Uimhir 11 de 1991

AN tACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 1991
[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ AN DLÍ A BHAIN-
EANN LE RIALTAS ÁITIÚIL. [18 Bealtaine, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal,
comhlua, forléiriú
agus tosach
feidhme.

1.—(1) Féadfar an tAcht Rialtais Áitiúil, 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1925 go 1985, agus den Acht seo le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1991, a ghairm de na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988, agus de cibé méid den Acht seo a bhaineann le bainistí contaetha, comhlachtaí toghaí agus chontaebhuirg na Gaillimhe, le chéile.

(4) Féadfar Achtanna Bainistí Chathair Chorcaí, 1929 go 1991, a ghairm d'Achtanna Bainistí Chathair Chorcaí, 1929 go 1988, agus de cibé méid den Acht seo a bhaineann le bainistí chontaebhuirg Chorcaí, le chéile.

(5) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1930 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1930 go 1988, agus de cibé méid den Acht seo a bhaineann le bainistí chontaebhuirg Bhaile Átha Cliath, le chéile.

CD. I A.1

(6) Féadfar Achtanna Bainistí Chathair Luimnigh, 1934 go 1991, a ghairm d'Achtanna Bainistí Chathair Luimnigh, 1934 go 1988, agus de cibé méid den Acht seo a bhaineann le bainistí chontae-bhuirg Luimnigh, le chéile.

(7) Féadfar Achtanna Bainistí Chathair Phort Láirge, 1939 go 1991, a ghairm d'Achtanna Bainistí Chathair Phort Láirge, 1939 go 1988, agus de cibé méid den Acht seo a bhaineann le bainistí chontae-bhuirg Phort Láirge, le chéile.

(8) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1991, a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1963 go 1986, de Chuid III agus de cibé méid den Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985, agus de Chuid IV a bhaineann le toghcháin áitiúla, le chéile.

(9) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1991, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1990, agus d'alt 45 le chéile.

(10) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar le hordú nó le horduithe a dhéanfaidh an tAire, go ginearálta nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh le haghaidh críoch éagsúil agus forálacha éagsúla agus chun an aisghairm agus an chúlghairm a dhéantar ar achtacháin éagsúla le halt 4 a dhéanamh.

Léiriú.

2.—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “coiste” coiste a bhunaítear faoi alt 37;

ciallaíonn “ordachán” ordachán i scríbhinn;

ciallaíonn “comhlacht toghaí” comhlacht toghaí chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988;

folaíonn “achtachán” ionstraim a dhéantar faoi achtachán;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

ciallaíonn “comhchoiste” comhchoiste a bhunaítear faoi alt 38;

CD. I A.2

ciallaíonn “údarás áitiúil” údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941;

tá le “toghcháin áitiúla” an bhrí a shanntar dó le halt 81 den Acht Toghcháin, 1963;

tá le “toghlimistéar áitiúil” an bhrí a shanntar dó le halt 80 den Acht Toghcháin, 1963;

ciallaíonn “bainisteoir”—

(a) maidir le bardas contaebhuirge, an bainisteoir chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistí na contaebhuirge, agus

(b) maidir le comhairle chontae nó comhlacht toghaí, an bainisteoir chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn “údarás poiblí”—

(a) Aire den Rialtas,

(b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn,

(c) údarás cuain de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946,

(d) bord sláinte,

(e) bord nó comhlacht eile (ach gan cuideachta a áireamh) arna bhunú le reacht nó faoi reacht,

(f) cuideachta ina bhfuil na scaireanna go léir á sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar a cheann, nó ag stiúrthóirí a bheidh ceaptha aige, nó

(g) cuideachta ina bhfuil na scaireanna go léir á sealbhú ag bord, cuideachta nó comhlacht eile dá dtagraítear i mír (e) nó (f) den mhíniú seo;

ciallaíonn “tuarascáil” tuarascáil ó údarás áitiúil faoi alt 50;

CD. I A.2

ciallaíonn “feidhm fhorchoimeádta”—

- (a) i gcás comhairle contae nó comhlachta toghaí, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988;
- (b) i gcás bardais contaebhuirge, feidhm fhorchoimeádta chun críocha na nAchtanna a bhaineann le bainistí na contaebhuirge, agus
- (c) aon fheidhm ar maidir léi a dhéantar foráil leis an Acht seo i gcomhair rúin.

(2) San Acht seo—

- (a) aon tagairt do Chuid, d’alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid nó d’alt den Acht seo, nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,
- (b) aon tagairt d’fho-alt, do mhír, nó d’fhomhír is tagairt í don fho-alt, don mhír nó don fhomhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe,
- (c) déanfar tagairt d’aon fhoráil den Acht seo, más cuí, a fhorléiriú mar thagairt don fhoráil sin arna modhnú le rialacháin faoi alt 52.

(3) San Acht seo, déanfar tagairt d’aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán, nó faoi aon achtachán, ina dhiaidh sin (lena n-áirítear an tAcht seo).

Rialacháin, orduithe agus ordacháin.

3.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun aon chríche den Acht seo.

(2) Gan dochar d’aon fhoráil eile den Acht seo, féadfaidh rialachán nó ordú faoin Acht seo socrú a dhéanamh maidir le cibé forálacha teagmhasacha, iarmhartacha, forlíontacha nó idirthréimhseacha (lena n-áirítear forálacha chun leanúnachas a áirithiú idir aon fhoráil den Acht seo agus aon fhoráil d’aon Acht nó ionstraim eile a aisghairtear, a chúlghairtear, a leasaítear nó dá ndéantar difear ar shlí eile leis an Acht seo nó le haon rialacháin nó ordú a dhéanfar faoi) is dóigh leis an Aire a bheith cuí chun críocha an Achta seo nó aon rialachán nó ordaithe a dhéanfar faoi.

Cd. I A.3

(3) Maidir le rialacháin nó ordú faoin Acht seo—

- (a) féadfaidh feidhm a bheith acu maidir le húdaráis áitiúla i gcoitinne, maidir le haicme nó aicmí sonraithe údarás áitiúil, maidir le húdarás áitiúil áirithe nó maidir le cuid áirithe de limistéar feidhme údaráis áitiúil,
- (b) féadfaidh forálacha éagsúla a bheith iontu i ndáil le húdaráis áitiúla éagsúla,
- (c) féadfaidh siad socrú a dhéanamh maidir leis an Aire do thabhairt ordachán (lena n-áirítear ordacháin ag leasú nó ag cúlghairm aon ordacháin den sórt sin).

(4) Déanfar rialachán faoin Acht seo (seachas rialachán faoi fho-alt (1) nó (2) d'alt 52) nó ordú faoin Acht seo (seachas ordú faoi alt 1 (10) nó 12 nó ordú faoi alt 31 a bhaineann le teorainn contae nó contaebhuirge a athrú) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin nó an ordaithe sin beidh an rialachán nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán nó faoin ordú.

(5) Déanfar ordú faoi alt 1 (10) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta.

(6) I gcás go mbeidh sé beartaithe ordú faoi alt 12 nó 31 i ndáil le teorainn contae nó contaebhuirge, nó rialacháin faoi fho-alt (1) nó (2) d'alt 52, a dhéanamh, déanfar dréacht den ordú nó de na rialacháin, de réir mar a bheidh, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú nó na rialacháin, de réir mar a bheidh, go dtí go rithfidh gach Teach acu sin rún ag ceadú an dréachta.

(7) Féadfaidh an tAire—

- (a) le hordú, aon ordú faoin Acht seo (seachas ordú faoi alt 1 (10) ach lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a cúlghairm, agus
- (b) le hordachán, ordachán faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a cúlghairm.

CD. I A.3

(8) Déanfaidh duine a dtabharfar ordachán dó faoin Acht seo an t-ordachán sin a chomhlíonadh.

(9) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le hordú faoi fho-alt (1) d'alt 9 agus ní bheidh feidhm ag an alt seo (seachas fo-alt (4)) maidir le hordú faoi fho-alt (2) den alt sin.

Aisghairm agus
cúlghairm.

4.—(1) Déantar leis seo na hachtacháin a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a aisghairm a mhéid a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal.

(2) Cúlghairtear leis seo airteagail 25, 26 agus 27 den Sceideal a ghabhann leis an *Local Government (Application of Enactments) Order*, 1898, an tOrdú um Údaráis Áitiúla (Liúntais do Chomhaltaí), 1946, an *Local Conferences Order*, 1947 agus an tOrdú Údarás Áitiúla (Costais Taistil Chomhaltaí) (Uimh. 2), 1947.

CUID II

FEIDHMEANNA ÚDARÁS ÁITIÚIL

Feidhmeanna
ionadaitheacha
údarás áitiúil.

5.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil a bheith ionadaitheach do leasanna an phobail áitiúil ar cibé slí is cuí leis.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfaidh údarás áitiúil, chun éifeacht a thabhairt don fho-alt sin—

(a) tuairimí an phobail áitiúil a fhionnadh agus a chur in iúl d'údaráis áitiúla agus d'údaráis phoiblí eile maidir le nithe a gcomhlíonann na húdaráis eile sin feidhmeanna ina leith agus ar nithe iad a dhéanann difear do leasanna limistéar feidhme an údaráis agus an phobail áitiúil,

(b) spéis agus páirteachas i ngnóthaí rialtais áitiúil a urasú agus a chur chun cinn,

(c) déanamh taighde, suirbhéanna nó staidéir maidir leis an bpobal áitiúil a chur chun cinn nó a eagrú nó cabhair a thabhairt ina leith sin.

(3) Is feidhm fhorchoimeádta cinneadh ag údarás áitiúil i ndáil le bheith ionadaitheach do thuairimí an phobail áitiúil faoin alt seo.

CD. II A.5

(4) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní a fhorchuireann ar údarás áitiúil, go díreach nó go neamhdhíreach, aon chineál dualgaís nó dliteanais is inchurtha i bhfeidhm le himeachtaí os comhair aon chúirte ar dualgas nó dliteanas é nach mbeadh sé faoina réir thairis sin.

Inniúlacht
ghinearálta
údarás áitiúil.

6.—(1) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, faoi réir fhorálacha an ailt seo, cibé bearta a dhéanamh, gabháil do cibé gníomhaíochtaí nó cibé nithe a dhéanamh de réir an dlí (lena n-áirítear caiteachas a thabhtú) a mheasfaidh sé a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasanna an phobail áitiúil a chur chun cinn.

(b) Chun críocha an ailt seo measfar beart, gníomhaíocht nó ní a bheith ag cur leasanna an phobail áitiúil chun cinn más rud é go ndéanann an beart, an ghníomhaíocht nó an ní sin, go díreach nó go neamhdhíreach, forbairt shóisialta, eacnamaíochta, comhshaoil, áineasa, cultúir, pobail nó ginearálta limistéar feidhme (nó aon chuid de limistéar feidhme) an údaráis áitiúil lena mbaineann nó an phobail áitiúil (nó aon ghrúpa ar comhaltaí den phobal sin a chomhaltaí) a chur chun cinn.

(2) Chun éifeacht a thabhairt d'fho-alt (1) agus gan dochar do ghinearáltacht an fho-ailt sin, féadfaidh údarás áitiúil—

- (a) (i) oibreacha d'aon chineál a dhéanamh agus a chothabháil,
- (ii) talamh, déanmhais d'aon chineál nó saoráidí a sholáthar, a chothabháil, a chaomhnú nó a athchóiriú,
- (iii) aon fhoirgneamh, déanmhas nó saoráid a fheistiú, a thoscánú nó a threalmhú chun críoch áirithe,
- (iv) fónais, trealamh nó ábhair a sholáthar chun críoch áirithe,
- (v) aon seirbhís nó ní eile a sholáthar nó gabháil d'aon ghníomhaíocht ar dóigh di, i dtuairim an údaráis, leas an phobail áitiúil a dhéanamh;

CD. II A.6

- (b) cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar, ar cibé téarmaí agus coinníollacha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a mheasfaidh an t-údarás is cuí, do dhaoine a ghabhann d'aon ghníomhaíocht a dhéanann leas an phobail áitiúil, i dtuairim an údaráis;
- (c) cúnamh airgid nó comhchineáil a sholáthar (lena n-áirítear duaiseanna agus greasachtaí eile a sholáthar), ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a mheasfaidh an t-údarás is cuí i leith comórtais, seimineáir, taispeántais, taisealbhadh, féilte nó imeachtaí eile a eagrú nó a chur chun cinn, nó imeachtaí den sórt sin a eagrú nó a chur chun cinn;
- (d) cibé conarthaí agus socruithe eile a dhéanamh a mheasfaidh an t-údarás a bheith riachtanach nó fóirsteanach.

(3) San alt seo—

folaíonn “talamh” talamh atá clúdaithe le huisce;

folaíonn “cúnamh airgid nó comhchineáil”—

- (a) deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cabhair airgid eile,
- (b) talamh agus déanmhais d'aon chineál agus seirbhísí, saoráidí nó trealamh a bhaineann leis an gcéanna,
- (c) gléasra, innealra nó trealamh nó oibreacha a dhéanamh,
- (d) seirbhísí fhoireann an údaráis áitiúil lena mbaineann,
- (e) cabhair airgeadais i ndáil le foireann a fhostú, agus
- (f) cúnamh gairmiúil nó teicniúil.

(4) Is feidhm fhorchoimeádta cinneadh ag údarás áitiúil faoin alt seo (seachas seirbhísí fhoireann an údaráis áitiúil a sholáthar).

(5) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua an ailt seo, aon fheidhm (lena n-áirítear caiteachas nó aon dliteanas, cibé acu dliteanas conarthach nó eile, a thabhtú) a chomhlíonadh a thugtar don údarás le haon fhoráil eile den achtachán seo nó d'aon achtachán eile.

(6) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua an ailt seo, aon ghníomhaíocht a ghabháil de láimh ná cúnamh a sholáthar chun aon

CD. II A.6

ghníomhaíocht a ghabháil de láimh a dhéanfadh dochar do ghníomhaíocht nó a dhéanfadh dubailt ar ghníomhaíocht a éiríonn as aon duine do chomhlíonadh feidhme reachtúla i limistéar feidhme an údaráis, nó, ag féachaint do ghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí beartaithe an duine sin i ndáil leis an limistéar, a mbainfeadh caitheachas diomailteach nó neamhriachtanach ag an údarás áitiúil léi.

(7) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, nithe a fhorordú ar ina leith nach ndéanfaidh údarás áitiúil na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú nó ar ina leith a bheidh feidhmiú den sórt sin faoi réir téarmaí nó coinníollacha forordaithe.

(b) Ní rachaidh caiteachas (lena n-áirítear tabhú aon dliteanais, cibé acu dliteanas conarthach nó eile) ag údarás áitiúil i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo (cibé acu i leith gníomhaíochta áirithe nó ar shlí eile nó i leith tréimhse áirithe nó ar shlí eile) thar cibé méid a fhorordófar.

(8) Déanfar sonraí i dtaobh chomhlíonadh a fheidhmeanna ag údarás áitiúil faoin alt seo in aon bhliain airgeadais a thaifeadadh i dtuarascáil an údaráis don bhliain sin.

Aird a bheith ag údaráis áitiúla ar nithe áirithe le linn feidhmeanna a chomhlíonadh.

7.—(1) Faoi réir fho-alt (2), déanfaidh údarás áitiúil, le linn na feidhmeanna a thugtar dó leis an achtachán seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi a chomhlíonadh, aird a thabhairt—

(a) ar na hacmhainní, cibé áit ina dtionscnaíonn siad, atá ar fáil dó, nó ar dóigh iad a bheith ar fáil dó, chun críche an chomhlíonta sin agus ar an ngá atá ann a áirithiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as na hacmhainní sin,

(b) ar an ngá atá ann na seirbhísí sin atá á gcur ar fáil aige agus a mheasann sé a bheith riachtanach a chothabháil go leordhóthanach agus, a mhéid is indéanta, a chinntiú go mbainfear cothromaíocht réasúnach amach idir a chlár feidhme tar éis na himthosca ábhartha uile a chur san áireamh,

(c) ar an ngá atá ann comhoibriú le húdaráis áitiúla agus údaráis phoiblí eile, agus a ghníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí údarás áitiúil agus údarás poiblí eile ar údaráis iad a ndéanann comhlíonadh a bhfeidhmeanna

CD. II A.7

difear, nó a bhféadfaidh a gcomhlíonadh difear a dhéanamh, do chomhlíonadh fheidhmeanna an údaráis ionas go gcinnteofar éifeachtúlacht agus tíos i gcomhlíonadh a fheidhmeanna,

(d) ar an ngá atá ann dul i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus le húdaráis phoiblí eile i gcásanna cuí,

(e) ar bheartais agus ar chuspóirí an Rialtais nó aon Aire den Rialtas a mhéid a dhéanfaidh siad difear dá fheidhmeanna nó a bhainfidh siad lena fheidhmeanna.

(2) Déanfaidh údarás áitiúil na feidhmeanna sin a chomhlíonadh a cheanglaíonn an dlí air a chomhlíonadh agus ní fhorléireofar an t-alt seo mar ní a dhéanann difear d'aon cheanglas den sórt sin.

(3) Déanfar gach achtachán a bhaineann le feidhm údaráis áitiúil a fhorléiriú, agus beidh éifeacht leis, faoi réir fhorálacha an ailt seo.

Feidhmeanna
coimhdeacha údarás
áitiúil agus
forálacha eile
maidir lena
bhfeidhmeanna.

8.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil aon ní a dhéanamh ar ní é atá coimhdeach, forlíontach, teagmhasach, iarmhartach nó riachtanach i ndáil le lánéifeacht a thabhairt d'fheidhm a thugtar dó leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile nó ar féidir leis an údarás é a chomhlíonadh go buntáisteach in éineacht le comhlíonadh feidhme den sórt sin, nó ar ní é a urasóidh comhlíonadh feidhme den sórt sin nó a chabhróidh leis an gcomhlíonadh sin.

(2) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil, de bhua na Coda seo, aon fheidhm a chomhlíonadh—

(a) a dtóirmiscear air leis an achtachán seo nó le haon achtachán eile í a theachtadh nó a chomhlíonadh, nó

(b) gan a bheith faoi réir aon choinníollacha nó srianta, nó gan aon choinníollacha nó srianta a chomhlíonadh, a bhfuil comhlíonadh na feidhme faoina réir de bhua an achtacháin seo nó aon achtacháin eile.

(3) Ach amháin mar a fhorordófar a mhalairt, féadfaidh comhairle chontae feidhmeanna údaráis áitiúil faoi ailt 5 agus 6 a chomhlíonadh i leith a contae riaracháin nó féadfaidh údarás áitiúil eile na feidhmeanna sin a chomhlíonadh i leith a limistéir feidhme.

(4) (a) I gcás go leithroinnfidh an tAire deontas d'údarás áitiúil i leith cláir feidhme de chuid an údaráis, déanfaidh comhaltai an údaráis, faoi réir aon choinníollacha a bheidh

CD. II A.8

curtha i gceangal leis an deontas ag an Aire, le rún, leithroinnt an deontais ar thionscadail nó ar sheirbhísí a thagann faoi réim an chláir, nó eatarthu, a chinneadh.

(b) San fho-alt seo—

ní fholaíonn “deontas” deontas i leith tionscadail shonraigh nó seirbhíse sonraí de chuid údaráis áitiúil;

ciallaíonn “coinníollacha” coinníollacha i ndáil le nithe dá dtagraítear in alt 7 (1) (e).

Feidhmeanna áirithe a aistriú chuig údaráis áitiúla.

9.—(1) (a) Féadfaidh an Rialtas, le hordú sealadach, feidhm de chuid Aire den Rialtas (seachas feidhm a gceanglaítear leis an mBunreacht ar Aire den Rialtas a chomhlíonadh) a bhféadfadh, i dtuairim an Rialtais, údaráis áitiúla d’aicme shonraithe nó d’aicmí sonraithe í a chomhlíonadh go héifeachtach agus ar feidhm í a bhaineann le seirbhís phoiblí a chur ar fáil i limistéir feidhme údarás áitiúil den aicme nó de na haicmí sin a aistriú chuig údaráis áitiúla den aicme nó de na haicmí sin.

(b) Féadfaidh an Rialtas, le hordú sealadach, ordú sealadach faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú sealadach faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.

(c) Más rud é go gcúlghairfear foráil d’ordú sealadach faoin bhfo-alt seo lena n-aistrítear feidhm, tiocfaidh an fheidhm chun bheith dílsithe, agus beidh sí dílsithe, air sin san Aire den Rialtas ónar aistríodh í leis an ordú.

(d) Ní bheidh éifeacht le hordú sealadach faoin bhfo-alt seo mura rud é, nó go dtí, go ndéanfar é a dhaingniú le hAcht den Oireachtas.

(2) (a) Féadfaidh an tAire, le hordú, feidhm de chuid údarás áitiúil d’aicme shonraithe nó d’aicmí sonraithe a bhféadfadh, i dtuairim an Aire, údaráis áitiúla d’aicme shonraithe nó d’aicmí sonraithe eile í a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí a aistriú chuig údaráis áitiúla den aicme nó de na haicmí eile sin.

CD. II A.9

- (b) Féadfaidh an tAire, le hordú, ordú faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm.
 - (c) I gcás go mbainfeadh ordú faoin bhfo-alt seo le feidhm a mbeidh feidhm tugtha d'Aire den Rialtas seachas an tAire maidir lena chomhlíonadh, ní dhéanfar an t-ordú gan toiliú an Aire sin den Rialtas a fháil roimh ré.
 - (d) Más rud é go gcúlghairfear foráil d'ordú faoin bhfo-alt seo lena n-aistrítear feidhm, tiocfaidh an fheidhm chun bheith dílsithe, agus beidh sí dílsithe, air sin sna húdaráis áitiúla ónar aistríodh í leis an ordú.
- (3) (a) Féadfaidh cibé forálacha coimhdeacha, foghabhálacha agus teagmhasacha a chinnfidh an Rialtas nó an tAire, de réir mar is cuí, a bheith in ordú faoin alt seo.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfar, le hordú faoin alt seo—
- (i) téarmaí, coinníollacha agus srianta a shonrú ar orthu agus faoina réir a bheidh feidhm a aistrítear leis an ordú (dá ngairtear “feidhm lena mbaineann” sa mhír seo) le comhlíonadh ag na húdaráis áitiúla a n-aistrítear an fheidhm chucu (dá ngairtear “na húdaráis áitiúla lena mbaineann” sa mhír seo),
 - (ii) a fhoráil nach gcomhlíonfaidh na húdaráis áitiúla lena mbaineann feidhm lena mbaineann ach amháin i gcodanna sonraithe dá limistéir feidhme,
 - (iii) foráil a dhéanamh chun sócmhainní agus dlíteanais a ghabhann le feidhm lena mbaineann a aistriú ón duine nó ó na daoine lena mbaineann chuig na húdaráis áitiúla lena mbaineann,
 - (iv) foráil a dhéanamh maidir leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann d'úsáid sheirbhísí fhoireann an duine nó na ndaoine lena mbaineann,

CD. II A.9

- (v) foráil a dhéanamh maidir le cibé socruithe agus coigeartuithe airgeadais idir an duine nó na daoine lena mbaineann agus na húdaráis áitiúla lena mbaineann a mheasfaidh an Rialtas nó an tAire de réir mar is cuí, a bheith cuí,
- (vi) foráil a dhéanamh maidir le haon fheidhmiú, oiriúnú nó modhnú ar achtachán is gá,
- (vii) foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe eile a mheasfaidh an Rialtas nó an tAire, de réir mar is cuí, is gá chun go mbeidh éifeacht iomlán le haistriú feidhme lena mbaineann an t-ordú agus chun a chumasú do na húdaráis áitiúla lena mbaineann an fheidhm a chomhlíonadh.

CUID III

TOGHCHÁIN ÁITIÚLA AGUS NITHE GAOLMHARA

Toirmeasc ar vótáil iolrach.

10.—(1) Ní vótálfaidh duine ná ní dhéanfaidh sé páipéar ballóide a iarraidh—

I.R. Uimh. 128 de 1965.

- (a) níos mó ná uair amháin i dtoghchán comhaltaí d'údarás áitiúil (seachas faoi Airteagal 44 de na Rialacháin um Toghcháin Áitiúla, 1965),
- (b) i dtoghchán comhaltaí níos mó ná údarás áitiúil amháin den aicme chéanna a dhéanfar sna toghcháin áitiúla chéanna, nó
- (c) i dtoghchán comhaltaí de bhordas contaebhuirge agus i dtoghchán comhaltaí d'údarás áitiúil den aicme a shonraítear i bhfo-alt (2) (b) a dhéanfar sna toghcháin áitiúla chéanna.

(2) Chun críocha an ailt seo, measfar gurb é a bheidh in údaráis áitiúla ná an dá aicme seo a leanas:

- (a) comhairlí contaetha agus bardais contaebhuirgí, agus
- (b) bardais buirgí nach contaebhuirgí, comhairlí ceantar uirbeach agus coimisinéirí bailte.

CD. III A.10

(3) Aon duine a sháróidh fo-alt (1) beidh sé ciontach i gcion agus ar é a chiontú go hachomair dlífear príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó fineáil nach mó ná £1,000, nó iad araon, a chur air.

(4) Cúlghairtear leis seo Airteagal 89 (1) (b) de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965.

Leasú ar na
Rialacháin um
Thoghcháin Áitiúla,
1965.

I.R. Uimh. 128
de 1965.

11.—Leasaítear leis seo na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1965—

(a) in Airteagal 6, trí “(seachas an toghchán a dhéanfar sa bhliain 1991)” a chur isteach i mír (3), i ndiaidh “thoghadh”,

(b) in Airteagal 46—

(i) i mír (1), tríd an gceist seo a leanas a chur in ionad cheist (b):

“(b) Ar vótáil tú cheana sna toghcháin seo don údarás áitiúil seo nó d’aon údarás áitiúil eile?”,

agus

(ii) i mír (2), tríd an bhfoirm seo a leanas a chur in ionad fhoirm an mhionna nó an dearbhaisc:

“Bheirim Dia Uilechumhachtach (nó dearbhaím agus dearbhascaim go sollúnta, go fírinneach agus go hionraic — *de réir mar a bheidh*) gur mise an duine atá cláraithe mar AB i gclár na dtoghthóirí rialtais áitiúil atá i bhfeidhm anois do thoghlímistéar áitiúil agus nár vótáil mé cheana sna toghcháin seo don údarás áitiúil seo ná d’aon údarás áitiúil eile agus go raibh ocht mbliana déag slán agam an (an dáta a tháinig an clár i bhfeidhm)”.

Toghlímistéir áitiúla
i gcontaebhuirgí.

12.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú—

(a) faoi réir Chuid V, agus gan dochar don Chuid sin, contaebhuirg a roinnt ina toghlímistéir áitiúla, agus

CD. III A.12

(b) an líon comhaltaí de chomhairle na contaebhuirge a bheidh le toghadh do gach toghlimistéar áitiúil agus an líon de na comhaltaí sin a bheidh ina seanóirí a shocrú.

(2) Is é an líon comhaltaí de chomhairle chontaebhuirge lena mbaineann ordú faoin alt seo a bheidh le toghadh i dtoghchán comhaltaí na comhairle a dhéanfar tar éis an t-ordú a dhéanamh do gach toghlimistéar áitiúil a shonrófar san ordú (gan dochar d'aon ordú den sórt sin ina dhiaidh sin) ná an líon a shocrófar leis an ordú don toghlimistéar áitiúil.

(3) Más rud é, ar thosach feidhme an ailt seo, go mbeidh ordú i bhfeidhm trína ndéantar contaebhuirge a roinnt ina toghlimistéir áitiúla nó an líon comhaltaí do gach toghlimistéar áitiúil a shocrú, leanfaidh an t-ordú de bheith i bhfeidhm, d'ainneoin alt 4, i ndáil leis an gcontaebhuirge amhail is dá mba ordú faoin alt seo é.

(4) Féadfaidh an tAire le hordú—

(a) aon roinnt a dhéanfar le hordú faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo) a leasú nó a mhodhnú nó an líon comhaltaí de chomhairle aon chontaebhuirge a bheidh le toghadh de bhua ordaithe faoin alt seo (lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo nó ordú a measfar le fo-alt (3) gur ordú faoin bhfo-alt seo é) a athrú i leith aon toghlimistéir áitiúil sa chontaebhuirge sin, nó

(b) líon na gcomhaltaí sin a bheidh ina seanóirí a athrú.

(5) Is comhairleoirí a bheidh sna comhaltaí sin de chomhairle chontaebhuirge nach seanóirí iad.

(6) Beidh éifeacht le hordú faoin alt seo chun críche an toghcháin comhaltaí de chomhairle na contaebhuirge sin is tuisce a dhéanfar tar éis an t-ordú a dhéanamh agus dá éis sin.

Airí den Rialtas agus Airí Stáit a dhícháiliú chun bheith ina gcomhaltaí d'údarás áitiúla.

13.—(1) Duine atá ina Aire den Rialtas nó ina Aire Stáit beidh sé dícháilithe—

(a) chun a thofa, a roghnaithe nó a cheaptha ina chomhalta d'údarás áitiúil, nó

(b) chun bheith ina chomhalta d'údarás áitiúil ar thosach, nó tar éis thosach, théarma oifige na gcomhaltaí a thoghfad chun

CD. III A.13

an údaráis sin sna toghcháin áitiúla a dhéanfar sa bhliain 1991 nó ina dhiaidh sin.

(2) Más rud é, maidir le duine is comhalta d'údarás áitiúil, go gceapfar é tar éis an tAcht seo a rith chun oifig a shealbhú mar Aire den Rialtas nó mar Aire Stáit, scoirfidh sé, nuair a cheapfar amhlaidh é, de bheith ina chomhalta den údarás.

Toghcháin áitiúla d'údaráis áitiúla áirithe a chur siar.

14.—(1) Ní bheidh toghchán comhaltaí d'údarás áitiúil ann sna toghcháin áitiúla is tuisce a tharlóidh tar éis thosach feidhme an ailt seo.

(2) Beidh téarma oifige comhaltaí d'údarás áitiúil, arb é an téarma reatha é tráth thosach feidhme an ailt seo, arna shíneadh ionas go mbeidh deireadh leis cibé dáta dá bhforálfar le dlí.

(3) San alt seo ní fholaíonn “údarás áitiúil” comhairle chontae ná bardas contaebhuirge ná, faoi réir Chuid IV, bardas Dhún Laoghaire.

Téarma oifige comhaltaí áirithe d'údaráis chuain áirithe a shíneadh.

15.—(1) Beidh téarma oifige na gcomhaltaí sin d'údarás cuain (de réir bhrí an Achta Cuanta, 1946) a bheidh ceaptha ag údarás áitiúil (de réir bhrí alt 14), arb é an téarma reatha é tráth thosach feidhme an ailt seo, arna shíneadh ionas go mbeidh deireadh leis cibé dáta dá bhforálfar le dlí.

(2) Measfar nach bliain toghcháin í an bhliain 1991 maidir le húdaráis áitiúla (de réir na brí réamhraithe) chun críocha ailt 10 (1) (a) agus 14 (2) den Acht Cuanta, 1946.

Téarma oifige comhaltaí áirithe de choistí gairmoideachais áirithe a shíneadh.

16.—(1) Maidir le téarma oifige na gcomhaltaí seo a leanas—

(a) na comhaltaí de choiste gairmoideachais do limistéar gairmoideachais ceantair uirbigh a bheidh tofa ag údarás áitiúil (de réir bhrí alt 14), agus

(b) na comhaltaí sin de choiste gairmoideachais do limistéar gairmoideachais contae a bheidh tofa ag údarás áitiúil (de réir bhrí alt 14),

beidh sé arna shíneadh ionas go mbeidh deireadh leis cibé dáta dá bhforálfar le dlí.

CD. III A.16

(2) Ní dhéanfar cruinniú cúigbhliantúil de choiste gairmoideachais dá dtagraítear i bhfo-alt (1) (a) a thionól sa bhliain 1991.

(3) Chun amhras a sheachaint, dearbhaítear leis seo gur bliain toghcháin í an bhliain 1991 i ndáil le coistí gairmoideachais do chontaetha, do Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire agus do Choiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe chun críocha an Achtá Oideachais Ghairme Beatha, 1930.

CUID IV

ATHEAGRÚ RIALTAIS ÁITIÚIL DO CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH

Léiriú (Cuid IV).

17.—(1) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

ciallaíonn “coiste limistéir” coiste a bhunaítear de bhun alt 18;

ciallaíonn “bainisteoir limistéir”, i rith na tréimhse a mbeidh feidhmeanna arna dtarmligeán lena linn faoi alt 20 chun bainisteoirí contae cunta do chontae Bhaile Átha Cliath, duine de na bainisteoirí contae cunta sin agus, nuair a bheidh feidhmeanna arna dtarmligeán faoi alt 21 chun daoine a shealbhaíonn na hoifigí a bhunaítear faoin alt sin ciallaíonn sé duine de shealbhóirí na n-oifigí sin;

ciallaíonn “bainisteoir contae cunta” bainisteoir contae cunta chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988;

ciallaíonn “an bhuirg” buirg Dhún Laoghaire;

ciallaíonn “Bardas na Buirge” Bardas Dhún Laoghaire;

tá le “ceantar coiste” an bhrí a shanntar dó le halt 18;

ciallaíonn “an contae” contae riaracháin Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn “an chomhairle contae” comhairle an chontae;

ciallaíonn “údaráis Bhaile Átha Cliath” Bardas Bhaile Átha Cliath, Bardas na Buirge, an chomhairle contae, Comhbhord Adhlactha Ghráinseach an Déin agus Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín;

ciallaíonn “Bardas Bhaile Átha Cliath” Ard-Mhéara Ró-Onórach,

CD. IV A.17

Seanóirí agus Buirgéisigh Bhaile Átha Cliath;

ciallaíonn “toghchontae” toghchontae bunaithe de réir bhrí Chuid III den Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985;

ciallaíonn “na húdaráis láithreacha” an chomhairle contae agus Bardas na Buirge;

tá le “na contaetha beartaithe” agus “na comhairlí beartaithe” na bríonna a shanntar dóibh le halt 23;

ciallaíonn “an tuarascáil ar atheagrú” an tuarascáil a ullmhófar faoi alt 23.

(2) Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo dochar do chumhacht an Aire faoi Chuid V ordú a dhéanamh chun teorainneacha ceantair coiste a athrú nó chun foráil a dhéanamh maidir le nithe iarmhartacha.

Coistí limistéir a bhunú.

18.—(1) Déanfaidh an chomhairle contae, a luaithes is féidir i ndiaidh na dtoghchán áitiúil is túisce a bheidh ann i ndiaidh thosach feidhme an ailt seo, coiste (dá ngairtear “coiste limistéir” sa Chuid seo) a bhunú, le rún, do limistéar gach toghchontae chun na feidhmeanna a thugtar don choiste limistéir sin de bhun na Coda seo a chomhlíonadh i ndáil leis an limistéar sin (dá ngairtear, i ndáil le coiste limistéir, “ceantar coiste” an choiste sa Chuid seo).

(2) (a) Tabharfar Coiste Limistéir Fhine Gall ar an gcoiste limistéir do Thoghchontae Fhine Gall agus is é limistéar an toghchontae sin a bheidh ina cheantar coiste agus tabharfar Ceantar Coiste Fhine Gall air.

(b) Tabharfar Coiste Limistéir Bhaile Átha Cliath Theas ar an gcoiste limistéir do Thoghchontae Bhaile Átha Cliath Theas agus is é limistéar an toghchontae sin a bheidh ina cheantar coiste agus tabharfar Ceantar Coiste Bhaile Átha Cliath Theas air.

(c) Tabharfar Coiste Limistéir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an gcoiste limistéir do Thoghchontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus is é limistéar an toghchontae sin a bheidh ina limistéar feidhme agus tabharfar Ceantar Coiste Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin air.

CD. IV A.18

(3) Faoi réir alt 17 (2), is é a bheidh i gcomhaltas coiste limistéir do thoghchontae ná na daoine a bheidh arna dtoghadh nó arna roghnú de thuras na huaire mar chomhaltaí de chomhairle an toghchontae sin.

Feidhmeanna a tharmligean chun coistí limistéir.

19.—(1) Déanfaidh an chomhairle contae, a luaithe is féidir tar éis coiste limistéir a bhunú, feidhmeanna na comhairle contae a fhéadfar a chomhlíonadh le rún i ndáil lena ceantar coiste agus dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a tharmligean chun an choiste, le rún, faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) a shonrófar sa rún.

(2) Déanfaidh Bardas na Buirge, a luaithe is féidir tar éis bhunú Choiste Limistéir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, feidhmeanna an Bhardais a fhéadfar a chomhlíonadh le rún agus dá dtagraítear i bhfo-alt (4), a tharmligean chuige, le rún, faoi réim agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (más ann) a shonrófar sa rún.

(3) Gan dochar d'aon cheanglais chuí eile, beidh sé riachtanach, d'fhonn rún a rith faoi fho-alt (1) nó (2), gur mó ná leath de líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann an líon de chomhaltaí an údaráis a vótálfaidh i bhfabhar an rúin.

(4) (a) Is iad na feidhmeanna réamhráite feidhmeanna na comhairle contae nó Bhardas na Buirge, de réir mar a bheidh (seachas feidhmeanna a bhaineann le ní eisiata), a fhéadfaidh an coiste limistéir cuí a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach, i dtuairim na comhairle contae nó Bhardas na Buirge, de réir mar a bheidh.

(b) (i) Faoi réir fhomhíreanna (ii) agus (iii), san fho-alt seo ciallaíonn “ní eisiata”, i ndáil leis an gcomhairle contae nó le Bardas na Buirge, cumhacht na comhairle contae nó Bhardas na Buirge, de réir mar a bheidh, chun an meastachán ar chaiteachas na comhairle contae nó Bhardas na Buirge, de réir mar is cuí, a ghlacadh, ráta a dhéanamh nó airgead a fháil ar iasacht.

(ii) Féadfaidh an tAire, trí ordachán a thabharfar don chomhairle contae nó do Bhardas na Buirge, a fhoráil go mbeidh feidhm shonraithe de chuid na comhairle contae nó Bhardas na Buirge ina ní eisiata nó go scoirfidh feidhm shonraithe den sórt sin de bheith

CD. IV A.19

ina ní eisiata, i ndáil leis an gcomhairle contae nó le Bardas na Buirge agus as a aithle sin beidh an fheidhm sin ina ní eisiata nó, de réir mar a bheidh, scoirfidh sí de bheith ina ní eisiata, i ndáil leis an gcomhairle contae nó le Bardas na Buirge, de réir mar a bheidh, agus beidh éifeacht dá réir sin le fomhír (i).

(iii) Aon uair a thiocfaidh feidhm a bheidh arna tarmligeann faoin alt seo chun bheith ina ní eisiata, de bhua fhomhír (ii), beidh an tarmligeann arna chúlghairm ach sin gan dochar d'aon ní a bheidh déanta roimhe sin faoin gcéanna ag an gcoiste limistéir lena mbaineann, agus, ar an ordachán lena mbaineann a fháil, déanfaidh an chomhairle contae nó Bardas na Buirge, de réir mar a bheidh, cóip de a chur láithreach chuig an gcoiste limistéir lena mbaineann.

(c) Aon uair, de bhua mhír (a) nó (b), a thiocfaidh feidhm de chuid na comhairle contae nó Bhordas na Buirge chun bheith ina feidhm, ar i ndáil léi, i dtuairim na comhairle contae nó Bhordas na Buirge, de réir mar a bheidh, is ceart na cumhachtaí a thugtar di nó dó le fo-alt (1) nó (2) a fheidhmiú, féadfaidh sí nó sé na cumhachtaí sin a fheidhmiú i ndáil leis an bhfeidhm sin.

Socruithe
bainistíocht do
choistí limistéir.

20.—(1) Déanfaidh Bainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath na nithe seo a leanas, a luaithé is féidir tar éis coiste limistéir a bhunú—

(a) tarmligfidh sé, faoi alt 13 (1) den Acht um Bainistí Chontae, 1940, chuig bainisteoir contae cunta do chontae Bhaile Átha Cliath, cibé feidhmeanna dá chuid maidir lena cheantar coiste (lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le riarachán agus bainistíocht ghinearálta ghnó an choiste limistéir agus le feidhmiú cuí an choiste limistéir a chinntiú) a measfaidh sé ina leith gur féidir leis an mbainisteoir contae cunta sin iad a chomhlíonadh go cuí maidir leis an gceantar sin, agus déanfar feidhmeanna maidir le gach ceantar coiste a tharmligeann chuig bainisteoir contae cunta ar leithligh, agus

(b) déanfaidh sé cibé socruithe eile, lena n-áirítear socruithe maidir le foireann na comhairle contae a rialú agus maidir

CD. IV A.20

le comhlíonadh dualgas ag cibé foireann is cuí nó is fóir-
steanach leis chun comhlíonadh éifeachtach a bhfeidhm-
eanna faoi seach ag an gcoiste limistéir agus ag an mbain-
isteoir contae cúnta a dtarmlichtear feidhmeanna chuige
de bhua mhír (a) a chinntiú.

(2) Tar éis tarmligean faoin alt sin 13 (1) a dhéanamh, de bhun-
fho-alt (1), beidh feidhm ag fo-ailt (2), (3) agus (4) den alt sin agus
beidh éifeacht leo maidir leis an tarmligean agus maidir leis na
feidhmeanna a bheidh tarmlichte.

Bainisteoirí contae
cúnta do choistí
limistéir.

21.—(1) I dteannta na n-oifigí bainisteora contae chúnta do chon-
tae Bhaile Átha Cliath dá bhforáiltear ó am go ham le halt 9 den
Acht um Bainistí Chontae, 1940, nó faoi, beidh trí oifig bainisteora
contae chúnta ann do chontae Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear “na
trí oifig” san alt seo), agus—

(a) comhlíonfaidh an sealbhóir ar cheann de na trí oifig (ar a
dtabharfar Bainisteoir Limistéar Fhine Gall), i ndáil le
Coiste Limistéir Fhine Gall agus a cheantar coiste, na
feidhmeanna dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus cibé
feidhmeanna eile a thabharfar dó leis an Acht seo nó faoi
nó le haon achtachán eile nó faoi,

(b) comhlíonfaidh an sealbhóir ar cheann eile de na trí oifig (ar
a dtabharfar Bainisteoir Limistéar Dhún Laoghaire-Ráth
an Dúin), i ndáil le Coiste Limistéir Dhún Laoghaire-
Ráth an Dúin agus a cheantar coiste, na feidhmeanna dá
dtagraítear i bhfo-alt (2) agus cibé feidhmeanna eile a
thabharfar dó leis an Acht seo nó faoi nó le haon achta-
chán eile nó faoi,

(c) comhlíonfaidh an sealbhóir ar an tríú ceann de na trí oifig (ar
a dtabharfar Bainisteoir Limistéar Bhaile Átha Cliath
Theas), i ndáil le Coiste Limistéir Bhaile Átha Cliath Theas
agus a cheantar coiste, na feidhmeanna dá dtagraítear i
bhfo-alt (2) agus cibé feidhmeanna eile a thabharfar dó leis
an Acht seo nó faoi nó le haon achtachán eile nó faoi.

(2) Tar éis do dhuine a cheapfar chun oifige bainisteora contae
chúnta a bhunófar leis an alt seo i ndáil le coiste limistéir dul i
mbun dualgais—

(a) measfar, maidir leis na feidhmeanna a bheidh tarmlichte
faoi alt 20 i leith cheantar coiste an choiste limistéir sin,

Cd. IV A.21

go ndearna Bainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath iad a tharmligeán agus go bhfuil siad arna dtarmligeán ag Bainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath, chun an bhainisteora contae chúnta sin faoi fho-alt (1) d'alt 13 den Acht um Bainistí Chontae, 1940, agus beidh feidhm ag fo-alt (2) d'alt 20 agus beidh éifeacht leis dá réir sin, agus

(b) scoirfidh an tarmligeán céadluaite d'éifeacht a bheith leis.

(3) (a) Ar thosach feidhme an ailt seo measfar an iarraidh ar na Coimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla dá bhforáiltear le halt 6 d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Oifigigh agus Fostaithe), 1926, a bheith déanta i ndáil leis na chéad cheapacháin chun na trí oifig agus, d'ainneoin alt 27 (1) den Acht Rialtais Áitiúil, 1955, rachaidh duine a bheidh molta ag na Coimisinéirí sin do cheann de na chéad cheapacháin sin i mbun dualgais mar shealbhóir na hoifige sin laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra a fháil ó na Coimisinéirí sin faoina moladh i ndáil lena cheapachán chun na hoifige sin.

(b) Más rud é nach rachaidh duine dá dtagraítear i mír (a) i mbun dualgais mar shealbhóir ar cheann de na trí oifig de réir na míre sin, measfar an iarraidh dá dtagraítear sa mhír sin a bheith déanta i ndáil leis an gcéad cheapachán chun na hoifige lena mbaineann ar an lá tar éis don tréimhse a shonraítear i mír (a) do dhul in éag nó tar éis fógra a thabhairt don chomhairle contae faoi é a bheith ar intinn ag an duine gan dul i mbun an dualgais sin, cibé acu is luaithe, agus, d'ainneoin an ailt sin 27 (1), rachaidh duine a bheidh molta ag na Coimisinéirí sin don chéad cheapachán lena mbaineann i mbun dualgais mar shealbhóir na hoifige lena mbaineann laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra a fháil ó na Coimisinéirí sin faoina moladh i ndáil lena cheapachán chun na hoifige sin.

(4) I gcás go dtiocfaidh aon cheann de na trí oifig chun bheith folamh, measfar an iarraidh dá dtagraítear i mír (a) d'fho-alt (3) a bheith déanta ar an lá tar éis don fholúntas tarlú nó tar éis fógra a thabhairt don chomhairle contae faoin bhfolúntas, cibé acu is luaithe, agus beidh feidhm ag an bhfo-alt sin maidir le líonadh an fholúntais amhail is dá mba chéad cheapachán chun na hoifige lena mbaineann an cheapachán lena mbaineann.

Cd. IV A.21

(5) Chun críocha fheidhm an Achta um Bainistí Chontae, 1940, maidir leis na trí oifig, déanfar alt 10 agus “(seachas contae Bhaile Átha Cliath)” in alt 11 (3) den Acht sin a scriosadh.

(6) Chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941, mór-oifigí a bheidh sna trí oifig.

Bainisteoirí contae
do chontaetha nua.

22.—(1) Más rud é go ndéanfar contae riaracháin a bhfuil a limistéar feidhme comhtheorannach le ceantar coiste Choiste Limistéir Fhine Gall a bhunú tráth a sealbhaíonn duine oifig Bhainisteoir Limistéar Fhine Gall, ansin, ar an mbunú sin a dhéanamh, beidh an duine sin, d’ainneoin alt 5 (2) den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955, arna cheapadh chun oifig Bhainisteoir Contae Fhine Gall.

(2) Más rud é go ndéanfar contae riaracháin a bhfuil a limistéar feidhme comhtheorannach le ceantar coiste Choiste Limistéir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhunú tráth a sealbhaíonn duine oifig Bhainisteoir Limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ansin, ar an mbunú sin a dhéanamh, beidh an duine sin, d’ainneoin an achtacháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1), arna cheapadh chun oifig Bhainisteoir Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

(3) Más rud é go ndéanfar contae riaracháin a bhfuil a limistéar feidhme comhtheorannach le ceantar coiste Choiste Limistéir Bhaile Átha Cliath Theas a bhunú tráth a sealbhaíonn duine oifig Bhainisteoir Limistéar Bhaile Átha Cliath Theas, ansin, ar an mbunú sin a dhéanamh, beidh an duine sin, d’ainneoin an achtacháin dá dtagraítear i bhfo-alt (1), arna cheapadh chun oifig Bhainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Tuarascáil ar
ullmhúcháin maidir
le comhairlí
beartaithe a bhunú.

23.—(1) (a) Déanfaidh na bainisteoirí limistéir réamhthuarascáil (dá ngairtear “an tuarascáil ar atheagrú” sa Chuid seo) a ullmhú i gcomhpháirt i rith na tréimhse cuí ina leagfar amach na socruithe ginearálta ba ghá a dhéanamh mar ullmhúchán maidir leis na nithe seo a leanas—

- (i) díothú an chontae agus é a roinnt ina thrí chontae riaracháin (dá ngairtear “na contaetha beartaithe” sa Chuid seo) a mbeadh a limistéir comhtheorannach leis na ceantair choiste agus díothú na buirge,

CD. IV A.23

(ii) bunú comhairle i leith gach ceann de na trí chontae riaracháin sin (dá ngairtear “na comhairlí beartaithe” sa Chuid seo) agus foráil a dhéanamh maidir lena bhfeidhmeanna agus lena sócmhainní agus a ndliteanais, agus

(iii) díscaoileadh na n-údarás láithreach,

agus ina leagfar amach na socruithe maidir le nithe iarmhartacha.

(b) Sonrófar sa tuarascáil ar atheagrú na bearta riaracháin agus eagrúcháin (lena n-áirítear bearta idirthréimhseacha) a mbeadh gá leo chun críocha na socruithe réamhráite agus folóidh sí tograí a cheadódh na bearta sin a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach ordúil, le linn úsáid a bhaint as socruithe riaracháin agus eagrúcháin na gcoistí limistéir agus a gceantar coiste.

(2) Le linn an tuarascáil ar atheagrú a ullmhú—

(a) rachaidh gach bainisteoir limistéir i gcomhairle lena choiste limistéir agus rachaidh na bainisteoirí limistéir i gcomhpháirt i gcomhairle le Bainisteoir Cathrach agus Cléireach Baile Bhaile Átha Cliath agus le Bainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath,

(b) tabharfar aird ar an méid seo a leanas—

(i) an gá atá ann a chinntiú, a mhéid is féidir, nach rachaidh costais iomlána, agus uimhreacha agus costais iomlána foirne, na gcomhairlí beartaithe thar chostais agus uimhreacha agus costais foirne na n-údarás láithreach,

(ii) an gá atá ann a chinntiú go ndéanfar na seirbhísí a bheidh le soláthar ag na comhairlí beartaithe a eagrú go heacnamúil, go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus

(iii) an gá atá ann foráil a dhéanamh, chun na gcríoch réamhráite, maidir le soláthar na seirbhísí réamhráite a chomhordú, más cuí.

CD. IV A.23

(3) Gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, áireofar an méid seo a leanas sa tuarascáil ar atheagrú—

(a) tuairisc ar na socruithe a mheastar is gá chun an t-aistriú a dhéanamh ó na húdaráis láithreacha go dtí na comhairlí beartaithe a mhéid a bhaineann—

(i) le foireann, agus

(ii) le sócmhainní agus dliteanais,

(b) tuairisc ar chineál, agus meastachán ar mhéid, na cóiríochta a mheastar gur dóigh go mbeidh sí ag teastáil ó na comhairlí beartaithe agus sracléiriú ar na socruithe idirthréimhseacha a mheastar gá a bheith leo maidir leis na ceanglais sin,

(c) meastachán ar ioncam agus caiteachas gach ceann de na comhairlí beartaithe agus ar mhéid agus cineál aon choigeartuithe iarmhartacha airgeadais,

(d) sracléiriú ar an gcomhordú is ceart a dhéanamh i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna nó na bhfeidhmeanna sonraithe sin (lena n-áirítear sonrú aon seirbhíse áirithe a meastar gur ceart í a sholáthar i gcomhpháirt)—

(i) ag aon dá cheann nó níos mó de na comhairlí beartaithe, nó

(ii) ag aon cheann amháin nó níos mó de na comhairlí beartaithe agus ag Bardas Bhaile Átha Cliath,

agus ar na socruithe a mheastar gá a bheith leo chun an comhordú sin a dhéanamh,

(e) cibé bearta ullmhúcháin, idirthréimhseacha, eagrúcháin, nós imeachta agus riaracháin a mheastar is ceart a ghlacadh i ndáil leis na húdaráis láithreacha nó aon cheann amháin nó níos mó dá bhfeidhmeanna in oirchill agus chun críocha bhunú na gcomhairlí beartaithe, agus

(f) sracléiriú, staidéar nó anailís ar cibé nithe eile a mheastar is cuí nó a shonróidh an tAire.

(4) (a) Déanfar cóipeanna den tuarascáil ar atheagrú a tharchur chuig údaráis Bhaile Átha Cliath, chuig na coistí limistéir agus chuig an Aire.

CD. IV A.23

- (b) Déanfaidh gach údarás agus gach coiste limistéir de chuid Bhaile Átha Cliath, a luaithe is féidir tar éis dó cóip den tuarascáil ar atheagrú a fháil, cibé aighneachtaí (más ann) chun an Aire a mheasfaidh sé is cuí i ndáil leis an tuarascáil agus breithneoidh an tAire aon aighneachtaí a dhéanfar amhlaidh.

(5) San alt seo ciallaíonn “an tréimhse chuí” an tréimhse sé mhí dar tosach an lá a bhunófar na coistí limistéir nó, de réir mar is cuí, an coiste limistéir deireanach díobh nó cibé tréimhse is faide (más ann) a shocróidh an Chomhairle Contae le rún.

Rialacháin i ndáil le hullmhúcháin do bhunú comhairlí beartaithe.

24.—(1) Nuair a bheidh an tuarascáil ar atheagrú curtha faoi bhráid an Aire, féadfaidh sé, tar éis í a bhreithniú, a ordú go ndéanfaidh aon duine amháin nó níos mó de na bainisteoirí limistéir tuarascáil eile a ullmhú i gcomhpháirt maidir le nithe sonraithe nó chun nithe sonraithe a chur san áireamh.

(2) Tar éis don Aire an tuarascáil ar atheagrú agus aon tuarascálacha faoin alt seo a bhreithniú, féadfaidh sé, le rialacháin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, cibé forálacha a dhéanamh a dhealraíonn dó a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na nithe seo a leanas nó chun éifeacht iomlán a thabhairt do na nithe seo a leanas nó chun iad a éascú—

- (a) ullmhúcháin maidir le bunú na gcontaetha beartaithe agus na gcomhairlí beartaithe,
- (b) ullmhúcháin maidir le díscaoileadh na n-údarás láithreach,
- (c) socruithe idirthréimhseacha a dhéanamh agus a fheidhmiú i ndáil leis an mbunú agus leis an díscaoileadh sin,

agus beidh éifeacht leis na rialacháin d’ainneoin fhorálacha aon achtacháin eile agus forléireofar gach achtachán den sórt sin agus beidh éifeacht leis faoi réir agus de réir fhorálacha na rialachán.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfar foráil a bheith i rialacháin faoin bhfo-alt sin i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (a) socruithe agus comhaontuithe a dhéanamh idir na húdaráis láithreacha agus idir na húdaráis sin agus na húdaráis eile

CD. IV A.24

de chuid Bhaile Átha Cliath i ndáil leis na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus chun comhaontuithe agus socruithe den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir leis na comhairlí beartaithe,

- (b) an t-ullmhúchán maidir le sócmhainní agus dliteanas a ais-triú de dhroim bhunú na gcontaetha beartaithe agus na gcomhairlí beartaithe agus dhíscaoileadh na n-údarás láithreach,
- (c) na húdaráis láithreacha d'ullmhú meastachán ar na caiteachais do bhliain airgeadais áitiúil shonraithe de chuid na gcomhairlí beartaithe amhail is dá mbeadh na comhairlí sin arna mbunú i rith iomlán na bliana sin,
- (d) aon ní nó rud a bhféadfar foráil a dhéanamh ina leith le hordú faoi alt 34 nó dá bhforáiltear san Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930,
- (e) coigeartú aon ní nó ruda (lena n-áirítear aon choigeartú airgeadais) a éireoidh, i dtuairim an Aire, ar bhunú na gcontaetha beartaithe agus na gcomhairlí beartaithe agus ar dhíscaoileadh na n-údarás láithreach.

(4) Féadfaidh foráil a bheith i rialacháin faoin alt seo i leith aon achtachán a fheidhmiú, a oiriúnú, a leasú nó a aisghairm maidir leis na nithe a shonraítear i míreanna (a), (b) agus (c) d'fho-alt (2) nó maidir leis an gcontae nó aon chuid de (lena n-áirítear an bhuirg).

Ordacháin chun críocha na Coda seo.

25.—Féadfaidh an tAire cibé ordacháin ghinearálta nó ordacháin áirithe a thabhairt d'údaráis Bhaile Átha Cliath, do Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath, do Bhainisteoir Contae Bhaile Átha Cliath agus do na bainisteoirí limistéir i ndáil le forghníomhú nó comhlíonadh aon fhorála den Chuid seo nó de rialacháin fúithi nó i ndáil leis na hullmhúcháin do na nithe dá dtagraítear in alt 23(1) (lena n-áirítear ordacháin go ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh na daoine réamhráite nó aon duine díobh bearta sonraithe, nó go ndéanfar faoi réir coinníollacha sonraithe iad, nó go ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh na daoine réamhráite nó aon duine díobh nithe sonraithe, nó go ndéanfar faoi réir coinníollacha sonraithe iad) a mheasfaidh an tAire a bheith riachtanach nó fóirteanach chun oibriú na forála sin a áirithiú nó a éascú nó chun éifeacht iomlán a thabhairt di.

Leasú ar an Acht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985.

26.—Leasaítear leis seo an tAcht Rialtais Áitiúil (Atheagrú), 1985—

CD. IV A.26

- (a) in alt 12, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Leanfaidh roinnt an Chontae ina thrí thoghchontae a rinneadh le fo-alt (1) d’éifeacht a bheith léi chun críocha na dtoghchán áitiúil is túisce a bheidh ann i ndiaidh na dtoghchán dá dtagraítear san fho-alt sin sa tslí chéanna a raibh éifeacht léi chun críocha na dtoghchán is deireanaí atá luaite ach amháin:

(a) go dtabharfar Toghchontae Fhine Gall ar Thoghchontae Bhaile Átha Cliath-Fine Gall, agus

(b) go dtabharfar Toghchontae Bhaile Átha Cliath Theas ar Thoghchontae Bhaile Átha Cliath-Béalgard,

agus déanfar tagairtí san Acht seo do thoghchontaetha bunaithe, do thoghchontaetha agus do chomhairlí toghchontaetha a fhorléiriú dá réir sin.”

- (b) in alt 13, trí “agus ag na toghcháin áitiúla is túisce a tharlóidh tar éis na dtoghchán sin” a chur isteach i bhfo-alt (3) i ndiaidh “den Acht seo”, agus

- (c) in alt 16—

(i) i bhfo-alt (1), trí “ná ag na toghcháin áitiúla is túisce a tharlóidh tar éis na dtoghchán sin” a chur isteach i ndiaidh “den Acht seo”, agus

- (ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) agus (4):

“(3) (a) Na daoine a thoghfar chun comhairlí na dtoghchontaetha bunaithe ag na chéad toghcháin a dhéanfar de bhun alt 13 (3) den Acht seo measfar chun gach críche go mbeidh siad tofa chun na Comhairle Contae ar an lá céanna a thoghfar iad chun cibé comhairle de na comhairlí a bhunófar faoi alt 13(1) den Acht seo is cuí agus ar an ngnáthlá scoir dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt seo, agus dá éis sin, is iad na

CD. IV A.26

daoine sin comhaltaí na Comhairle Contae agus is iad a ghníomhóidh mar í.

(b) Na daoine a thoghfar chun comhairlí na dtoghchontaetha bunaithe ag na toghcháin is túisce a dhéanfar de bhun an ailt sin 13 (3) tar éis na dtoghchán dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo measfar chun gach críche go mbeidh siad tofa chun na Comhairle Contae ar an lá céanna a thoghfar iad chun cibé comhairle de na comhairlí a bhunófar faoin alt sin 13 (1) is cuí agus ar ghnáthlá scoir na gcomhaltaí den Chomhairle Contae, agus dá éis sin, is iad na daoine sin comhaltaí na Comhairle Contae agus is iad a ghníomhóidh mar í.

(4) (a) Na daoine a thoghfar ag na chéad toghcháin a dhéanfar de bhun an ailt sin 13 (3) do na toghlimistéir iomchuí measfar chun gach críche go mbeidh siad tofa chun Comhairle na Buirge ar an lá céanna a thoghfar iad chun Comhairle Thoghchontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ar an ngnáthlá scoir dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt seo, agus dá éis sin, is iad na daoine sin comhaltaí Chomhairle na Buirge agus is iad a ghníomhóidh mar í.

(b) Na daoine a thoghfar ag na toghcháin is túisce a dhéanfar de bhun an ailt sin 13 (3) tar éis na dtoghchán dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo do na toghlimistéir iomchuí measfar chun gach críche go mbeidh siad tofa chun Comhairle na Buirge ar an lá céanna a thoghfar iad chun Comhairle Thoghchontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ar ghnáthlá scoir na gcomhaltaí den Chomhairle Contae, agus da éis sin, is iad na daoine sin comhaltaí Chomhairle na Buirge agus is iad a ghníomhóidh mar í.”.

CUID V

TEORAINN ÚDARÁIS ÁITIÚIL A ATHRÚ

Léiriú (Cuid V). **27.**—Sa Chuid seo—

ciallaíonn “coiste teorann” coiste arna bhunú faoi alt 28 (1);

tá le “ceantar coiste” an bhrí a shanntar dó le halt 18;

déanfar “togra”, “togra leasaithe”, “togróir” agus “freagróir” a fhorléiriú de réir alt 29;

déanfar “ráiteas freagra” a fhorléiriú de réir alt 29 (3).

Coistí teorann.

28.—(1) Féadfaidh an tAire coiste amháin nó níos mó a bhunú agus tabharfar air nó ar gach ceann díobh an teideal a bheidh sannta ag an Aire dó agus gairtear “coiste teorann” de nó de gach ceann díobh sa Chuid seo.

(2) Beidh coiste teorann arna dhíscaoileadh ar dhul in éag do cibé tréimhse a shonróidh an tAire an tráth a bhunóidh sé é.

(3) Beidh coiste teorann neamhspleách le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(4) (a) Is é a bheidh i gcoiste teorann cibé líon comhaltaí, nach lú ná 3 ná nach mó ná 5, a chinnfidh an tAire.

(b) Is é an tAire a cheapfaidh na comhaltaí de choiste teorann.

(c) Déanfaidh duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta de choiste teorann oifig a shealbhú mar chomhalta den sórt sin ar feadh cibé tréimhse a shonróidh an tAire tráth an cheapacháin.

(b) Duine a bheidh de thuras na huaire—

(i) i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas chun suí ann,

CD. V A.28

- (ii) ina chomhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (iii) ina chomhalta d'údarás áitiúil,

beidh sé, le linn dó a bheith i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta de choiste teorann.
- (e) Más rud é, maidir le comhalta de choiste teorann—
 - (i) go n-ainmneofar mar chomhalta de Sheanad Éireann é nó go dtoghfar é ina chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas,
 - (ii) go dtoghfar é mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa nó go measfar de bhun alt 15 (a cuireadh isteach leis an Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1984) den Acht um Thoghcháin do Thionól na hEorpa, 1977, é a bheith tofa chun na Parlaiminte sin chun folúntas a líonadh, nó
 - (iii) go dtiocfaidh sé chun bheith ina chomhalta d'údarás áitiúil,

scoirfidh sé air sin de bheith ina chomhalta den choiste.
- (f) Ní ghlacfaidh comhalta de choiste teorann páirt in ullmhú tuarascála faoi alt 33—
 - (i) maidir le teorainn limistéir feidhme údaráis áitiúil más oifigeach de chuid an údaráis sin é, nó
 - (ii) maidir le teorainn limistéir feidhme údaráis áitiúil atá suite laistigh de chontae riaracháin más oifigeach de chuid chomhairle an chontae sin é.
- (g) Déanfaidh an tAire comhalta amháin de choiste teorann a cheapadh chun gníomhú mar chathaoirleach an choiste.
- (h) Féadfaidh comhalta de choiste teorann tráth ar bith éirí as oifig trí litir a sheolfar chun an Aire.
- (i) I gcás go dtarlóidh corrholúntas i measc comhaltaí de choiste teorann, féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun an folúntas sin a líonadh.

CD. V A.28

(j) Féadfaidh an tAire comhalta de choiste teorann a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil sé tar éis éirí éagumasach de dheasca easláinte ar a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach nó go mbeidh sé tar éis mí-iompar sainráite a dhéanamh nó gur dealraitheach don Aire é a bheith riachtanach nó inmhianaithe é a chur as oifig ar mhaithe le comhlíonadh éifeachtach a fheidhmeanna ag an gcoiste.

(k) Féadfar duine a athcheapadh chun bheith ina chomhalta de choiste teorann.

(5) Féadfar cibé luach saothair (más ann) agus liúntais i leith caite-achas a thabhoídh comhalta de choiste teorann agus a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a íoc le comhalta de choiste teorann as airgead a bheidh faoi riaradh an Aire.

(6) (a) Féadfaidh an tAire aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a theastóidh ó choiste teorann chun aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, a sholáthar don choiste teorann ar cibé téarmaí nó coinníollacha a shonróidh sé.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil nó údarás poiblí aon seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí foirne, a theastóidh ó choiste teorann chun aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, a sholáthar don choiste teorann, ar cibé téarmaí agus coinníollacha ar a gcomhaontóidh an t-údarás agus an coiste.

Togra agus iarratas chun teorainn údaráis áitiúil a athrú.

29.—(1) (a) Féadfaidh comhairle chontae nó bardas contaebhuirge, le rún, togra a dhéanamh go ndéanfar teorainn an chontae nó na contaebhuirge a athrú de réir fhorálacha na Coda seo.

(b) Féadfaidh bardas buirge seachas contaebhuirg, comhairle cheantair uirbigh nó coimisinéirí baile, le rún, togra a dhéanamh go ndéanfar teorainn na buirge, an cheantair uirbigh nó an bhaile a athrú de réir fhorálacha na Coda seo agus féadfaidh comhairle chontae, le rún, togra den sórt sin a dhéanamh maidir le haon buirg, ceantar uirbeach nó baile atá suite sa chontae sin.

(c) Sa Chuid seo, gairtear “togróir” agus “togra”, faoi seach, d’údarás áitiúil a dhéanfaidh togra mar a dúradh agus de thogra a dhéanfar amhlaidh.

CD. V A.29

(d) Déanfar an t-athrú lena mbaineann togra a shonrú sa togra trí thagairt do léarscáil.

(2) Déanfaidh togróir—

(a) cóip den togra a thabhairt do gach údarás áitiúil a ndéanann an togra difear dá theorainn agus do cibé údaráis áitiúla eile a fhorordófar agus, sa Chuid seo, gairtear “freagróir” de gach údarás a ndéanfaidh togra difear dó amhlaidh,

(b) fógra faoin togra a fhoilsiú san fhoirm fhorordaithe ina dtabharfar sonraí faoin togra agus ina n-iarrfar aighneachtaí maidir leis ó aon duine lena mbaineann laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra,

(c) thairis sin, an togra a chur in iúl do cibé daoine a fhorordófar.

(3) (a) Déanfaidh gach freagróir an togra a bhreithniú agus déanfaidh sé, tráth nach déanaí ná 6 mhí ón uair a gheobhaidh sé cóip den togra, nó cibé tréimhse is faide ar a gcomhaontóidh an togróir agus an freagróir, ráiteas a thabhairt ar a fhreagra ar an togra (dá ngairtear “ráiteas freagra” sa Chuid seo) agus cóip den ráiteas sin a thabhairt don togróir.

(b) Is feidhm fhorchoimeádta é ráiteas freagra a thabhairt.

(4) Féadfaidh togróir, i ndiaidh dó breithniú a dhéanamh ar aon ráiteas freagra nó aighneacht dá dtagraítear i bhfo-alt (2) agus a gheobhaidh sé laistigh den tréimhse a shonraítear chun na críche sin, an togra a leasú, le rún, ar cibé slí is cuí leis agus gairtear “togra leasaithe” sa Chuid seo de thogra arna leasú amhlaidh.

(5) (a) Ar dhul in éag, maidir le togra, do na tréimhsí dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) agus (3)(a), féadfaidh togróir iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun ordú a dhéanamh faoi alt 31(1) ag athrú na teorann lena mbaineann an togra nó an togra leasaithe (de réir mar a bheidh) lena mbaineann de réir théarmaí an togra nó an togra leasaithe.

(b) Is feidhm fhorchoimeádta é a chinneadh iarratas den sórt sin a dúradh a dhéanamh.

CD. V
Forálacha
forlíontacha maidir
le halt 29.

30.—(1) Maidir le togra, ráiteas freagra agus aon togra leasaithe, leagfar amach iontu—

- (a) impleachtaí airgeadais agus impleachtaí eile an togra (nó an togra leasaithe, de réir mar a bheidh), agus
 - (b) na coigeartuithe maidir le cúrsaí airgeadais agus riaracháin a bheidh le déanamh idir an togróir agus gach freagróir lena mbaineann de dhroim an athraithe ar an teorainn lena mbaineann.
- (2) (a) Déanfaidh togróir cóip den iarratas arna dhéanamh aige faoi alt 29(5) a thabhairt do gach freagróir agus do cibé daoine eile a bheidh forordaithe.
- (b) Comhlíonfaidh togra, ráiteas freagra, togra leasaithe agus iarratas faoi alt 29 (5) cibé ceanglais a fhorordófar.
- (c) Féadfaidh an tAire aon ní nós imeachta nó aon cheanglas eile a fhorchur a mheasfaidh sé is gá chun an t-alt seo nó alt 29 a oibriú go sásúil.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil a bhfuil cuid dá limistéar feidhme tadhlach le contae riaracháin seachas an contae riaracháin ina bhfuil an limistéar feidhme sin suite a iarraidh, le rún, ar chomhairle an chontae ina bhfuil sé suite togra a dhéanamh faoi alt 29 (1) agus déanfaidh an chomhairle sin aon iarraidh den sórt sin a bhreithniú.

Cumhacht an Aire
teorainn a athrú le
hordú.

31.—(1) (a) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh an tAire, ar iarratas a dhéanfaidh togróir air chuige sin faoi alt 29 (5), teorainn aon chontae, contaebhuirge nó buirge eile, ceantair uirbigh nó baile lena mbaineann an t-iarratas a athrú, le hordú, má mheasann sé gur cheart athrú a dhéanamh ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus caoithiúil.

(b) Féadfaidh ordú faoin bhfo-alt seo an teorainn lena mbaineann a athrú ar shlí seachas de réir théarmaí an togra nó an togra leasaithe (de réir mar a bheidh) is ábhar don iarratas.

(2) (a) In aon chás go mbeidh freagróir, ina ráiteas freagra ar an togra, is ábhar don iarratas, tar éis easaontú i bponc ábhartha le téarmaí an chéanna, déanfaidh an

CD. V A.31

tAire, mura rud é go measfaidh sé nach cuí déanamh amhlaidh, nó, in aon chás eile, féadfaidh sé, a iarraidh ar choiste teorann tuarascáil a ullmhú faoi alt 33 maidir le teorainn an údarais áitiúil lena mbaineann.

(b) Tabharfaidh an tAire aird ar an tuarascáil ón gcoiste teorann le linn cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé ordú faoi fho-alt (1) maidir leis an teorainn lena mbaineann.

(3) (a) Féadfaidh an tAire, faoi réir mhír (b), teorainn aon chontae, contaebhuirge nó buirge eile, ceantair coiste, ceantair uirbigh nó baile a athrú, le hordú, i gcás ina measfaidh sé gur cheart athrú den sórt sin a dhéanamh ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus caoithiúil.

(b) Sula gcinnfidh an tAire an ndéanfaidh sé ordú den sórt sin a dúradh, iarraidh sé ar choiste teorann tuarascáil a ullmhú faoi alt 33 maidir le teorainn an údarais áitiúil lena mbaineann agus tabharfaidh an tAire aird ar an tuarascáil le linn cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé an t-ordú.

Iarraidh ar choiste teorann tuarascáil a thabhairt maidir le nithe áirithe.

32.—(1) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar choiste teorann—

(a) tuarascáil a ullmhú faoi alt 33 maidir le teorainn aon cheantair riaracháin nó geografaíochta nó aon roinne eile atá bunaithe ar theorainn rialtais áitiúil agus a úsáidtear chun aon chríche riaracháin phoiblí a bhaineann nó a ghabhann le rialtas áitiúil nó aon cheantair nó roinne eile den sórt sin a mholtar a bhunú, nó

(b) tuarascáil a ullmhú maidir le haon ní a bhaineann le rialtas áitiúil agus a shonróidh an tAire.

(2) Sula gcinnfidh an tAire an ndéanfaidh sé ordú faoi alt 12, nó faoi alt 33 nó 35 den Acht Rialtais Áitiúil, 1941, maidir le teorainn toghcháin áitiúil, iarraidh an tAire ar choiste teorann tuarascáil a ullmhú faoi alt 33 maidir leis an teorainn agus tabharfaidh sé aird ar an tuarascáil le linn cinneadh a dhéanamh an ndéanfaidh sé an t-ordú.

CD. V

Tuarascáil ó choiste
teorann maidir le
teorainn.

33.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo déanfaidh coiste teorann, má iarrann an tAire air déanamh amhlaidh faoi fho-alt (2) nó (3) d'alt 31 nó fo-alt (1) (a) nó (2) d'alt 32—

(a) an teorainn lena mbaineann an iarraidh agus, i gcás iarrata ón Aire faoi fho-alt (2) d'alt 31, téarmaí an togra nó an togra leasaithe (de réir mar a bheidh) maidir léi, a athbhreithniú, agus

(b) cibé moltaí maidir leis an teorainn a mheasfaidh sé is gá ar mhaithe le rialtas áitiúil éifeachtach agus caoithiúil,

agus déanfaidh sé tuarascáil i scríbhinn faoin athbhreithniú sin agus faoina mholtaí a ullmhú agus a thabhairt don Aire agus déanfaidh an tAire an tuarascáil a fhoilsiú.

(2) Féadfaidh an tAire ceanglas a áireamh in iarraidh mar a dúradh á rá go ndéanfaidh an coiste teorann, le linn a thuarascáil a ullmhú, aird a thabhairt ar cibé ceisteanna nó nithe a shonróidh sé san iarraidh agus déanfaidh an coiste aon cheanglas den sórt sin a chomhlíonadh.

(3) I gcás go sonróidh an tAire amhlaidh in iarraidh mar a dúradh, déanfar athbhreithniú agus moltaí an choiste teorann i ndáil le cibé nithe a bheidh sonraithe san iarraidh agus a leanfaidh as aon athrú ar an teorainn a bheidh molta sa tuarascáil nó a bhainfidh le hathrú den sórt sin ar shlí eile a chur san áireamh i dtuarascáil faoin alt seo.

(4) Le linn tuarascáil a ullmhú faoin alt seo—

(a) rachaidh coiste teorann i gcomhairle le haon údarás áitiúil lena mbaineann, agus

(b) i gcás go mbaineann an tuarascáil le teorainn contae nó contaebhuirge foilseoidh coiste teorann fógra ina ndéarf ar go bhfuil tuarascáil á hullmhú faoin alt seo i ndáil le teorainn shonraithe agus ina n-iarrfar aighneachtaí ó aon duine lena mbaineann,

agus tabharfaidh coiste teorann aird ar aon chomhairliúcháin agus aighneachtaí den sórt sin a dhéanfaidh aon duine den sórt sin.

(5) Féadfaidh coiste teorann, chun críocha tuarascála uaidh faoin alt seo, trí fhógra i scríbhinn, a iarraidh ar aon údarás áitiúil cibé faisnéis (lena n-áirítear doiciméid) a theastóidh uaidh le réasún a

CD. V A.33

thabhairt dó laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra agus déanfaidh an t-údarás áitiúil de réir na hiarrata.

- (6) (a) Beidh lánrogha ag coiste teorann éisteacht ó bhéal a sheoladh i ndáil le tuarascáil uaidh faoin alt seo agus féadfaidh comhalta amháin nó níos mó den choiste teorann nó duine a bheidh ceaptha ag an gcoiste chun na críche sin an éisteacht a sheoladh.
- (b) Déanfaidh an comhalta nó na comhaltaí de chosite teorann nó an duine eile a bheidh ceaptha chun éisteacht ó bhéal a sheoladh faoi mhír (a) tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don choiste teorann maidir leis an éisteacht agus cuirfidh an comhalta, na comhaltaí nó an duine sin san áireamh sa tuarascáil cibé moltaí a mheastar is cuí maidir leis an teorainn lena mbaineann.
- (c) Déanfaidh an coiste teorann tuarascáil a thabharfar dó faoi mhír (b) a bhreithniú sula ndéanfaidh sé cinneadh i dtaobh na moltaí a dhéanfaidh sé maidir leis an teorainn lena mbaineann.
- (d) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh maidir le héisteacht ó bhéal a sheoladh mar a dúradh, maidir leis na nósanna imeachta ag éisteacht den sórt sin agus maidir le húdaráis áitiúla agus daoine eile a bheith i láthair ag éisteacht den sórt sin.

Forálacha a leanfaidh as athrú teorann.

34.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “údarás lena mbaineann” údarás áitiúil a ndéanann ordú príomha difear dá theorainn;

ciallaíonn “ordú príomha” ordú faoi fho-alt (1) nó (3) d’alt 31;

ciallaíonn “limistéar iomchuí” an pháirt de limistéar feidhme údaráis áitiúil amháin (nó aon chuid den pháirt sin) a thagann chun bheith ina cuid de limistéar feidhme údaráis áitiúil eile de bhua ordaithe phríomha;

ciallaíonn “ordú forlíontach” ordú arna dhéanamh faoi fho-alt (2).

(2) Féadfaidh an tAire nó aon Aire eile den Rialtas, le toiliú an Aire, cibé foráil a dhéanamh, le hordú, a mheasann sé a bheith riach-

CD. V A.34

tanach nó fóirsteanach i ndáil le haon ní ar bith a éireoidh nó a leanfaidh as an athrú teorann a dhéanfar le hordú príomha, nó a bhainfidh leis an athrú sin ar shlí eile, agus, d'ainneoin fhorálacha aon achtacháin eile, beidh feidhm agus éifeacht dá réir sin ag aon fhoráil a dhéanfar amhlaidh.

(3) Maidir le hordú forlíontach a dhéanfaidh Aire den Rialtas, seachas an tAire, ní fhéadfar foráil a dhéanamh leis ach amháin maidir le nithe a mbeidh feidhmeanna i ndáil leo arna dtabhairt don Aire sin den Rialtas.

(4) Féadfaidh éifeacht chúlghabhálach a bheith ag ordú forlíontach, má fhoráiltear sin leis an ordú.

(5) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (2), féadfaidh ordú forlíontach foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas go léir nó maidir le haon cheann díobh—

- (a) feidhmeanna aon údaráis lena mbaineann i ndáil le limistéar iomchuí,
- (b) limistéar iomchuí a áireamh in aon toghlimistéar áitiúil nó in aon cheantar riaracháin nó geografaíochta nó i roinn eile a úsáidtear chun aon chríche riaracháin phoiblí,
- (c) feidhm nó neamhfheidhm aon achtacháin maidir le limistéar iomchuí,
- (d) leanúint d'imeachtaí dlíthiúla a thosaigh aon údarás lena mbaineann nó a tosaíodh in aghaidh aon údaráis lena mbaineann sula ndearnadh an t-ordú príomha lena mbaineann i gcás ina mbaineann na himeachtaí sin le haon ní, ceart, dualgas nó dliteanas a éiríonn, a d'fhabhraigh nó a tabhaíodh in aon limistéar iomchuí nó a bhaineann le haon limistéar iomchuí,
- (e) cibé modhnuithe, oiriúnú nó leasú ar aon achtachán is gá chun críocha an ordaithe phríomha,
- (f) faoi réir fho-alt (8), coigeartú idir aon údaráis lena mbaineann (agus féadfar foráil a bheith ann go n-íocfaidh údarás nó údaráis lena mbaineann airgead, trí íocaíocht amháin nó ina dhá thráthchuid nó níos mó, le haon údarás nó údaráis eile lena mbaineann) i ndáil leis na nithe seo a leanas go léir nó le haon cheann díobh:

Cd. V A.34

- (i) aon ghlanachailteanas ioncaim, iarbhír nó ionchasach, a thabhaíonn nó a thabhoídh aon údarás lena mbaineann de dhroim an ordaithe phríomha,
- (ii) maoin, cibé acu réadach nó pearsanta (lena n-áirítear ábhair i gcaingean), atá dílsithe in aon údarás lena mbaineann nó is le haon údarás lena mbaineann nó a shealbhaítear ar iontaobhas d'aon údarás lena mbaineann agus atá suite go hiomlán nó go páirteach in aon limistéar iomchuí nó a bhaineann le haon limistéar iomchuí,
- (iii) fiacha (lena n-áirítear fiacha morgáiste), muirir arna gcruthú le reacht agus dliteanais eile (lena n-áirítear méideanna neamhleachtaithe, damáistí neamhleachtaithe a éiríonn as tortanna nó sáruithe ar chonradh agus dliteanais atá ag fabhrú nó dliteanais ionchasacha) atá dlite agus gan íoc, nó a tabhaíodh agus nár urscaoileadh, agus a bhaineann go hiomlán nó go páirteach le haon limistéar iomchuí,
- (iv) comhaontuithe nó socruithe idir aon údaráis lena mbaineann maidir le cúrsaí airgeadais,
- (v) athrú chun críoch sonraithe sna réimsí muirir dá bhforáiltear in alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946,
- (vi) rátaí agus muirir atá dlite agus iníoctha nó atá ag fabhrú chun bheith dlite,
- (vii) rátaí agus muirir a mheasúnú agus a thobhach in aon limistéar iomchuí (lena n-áirítear laghdú sealadach ar luachálacha agus cealú a dhéanamh),

agus chun éifeacht a thabhairt d'aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (v), (vi) nó (vii),
- (g) oifigigh nó seirbhísigh údaráis nó údarás lena mbaineann a aistriú go dtí aon údarás nó údaráis eile lena mbaineann,
- (h) a chumasú foráil a dhéanamh i leith aon ní dá dtagraítear i mír (f) (i gcás nach ndéantar foráil ina leith ar shlí eile le hordú forlíontach) trí chomhaontú idir na húdaráis lena mbaineann nó i gcás nach ndéanfaidh na húdaráis lena mbaineann comhaontú, ar cibé slí a shonró-

CD. V A.34

far san ordú,

- (i) léarscáileanna oifigiúla a ullmhú ina dtaispeánfar teorainn aon limistéir iomchuí agus luach fianaisiúil na léarscáileanna sin,
 - (j) nithe idirthréimseacha a bhaineann le haon phlean forbartha (de réir bhrí na nAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1990) a mhéid a bhaineann sé le haon limistéar iomchuí,
 - (k) leanúint d'aon rud arna dhéanamh, nó a mheastar, de bhua aon achtacháin, a bheith déanta maidir le haon limistéar iomchuí ag aon údarás lena mbaineann, ar aon údarás lena mbaineann nó maidir le haon údarás lena mbaineann,
 - (l) clár na dtoghthóirí agus na gceantar vótaíochta a úsáidfear in aon toghchán comhairleoirí d'aon toghlimistéar áitiúil,
 - (m) comhaltaí d'aon údarás lena mbaineann do leanúint in oifig,
 - (n) athrú ar líon na gcomhaltaí de chomhairle chontae nó de chomhairle chontae bhuirge de dhroim ordú príomha a dhéanamh,
 - (o) aon ní eile a mheastar is gá nó is cuí chun an t-ordú príomha a thabhairt i ngníomh agus éifeacht iomlán a thabhairt dó.
- (6) I bhfo-alt (5) (k) folaíonn “rud” an méid seo a leanas—
- (i) aon chomhaontú scríofa nó aon ionstraim eile i scríbhinn nó aon chinneadh nó dearbhú arna dhéanamh ag aon údarás lena mbaineann, nó thar a cheann, nó a mheastar a bheith déanta ag aon údarás lena mbaineann nó thar a cheann,
 - (ii) aon ordachán arna thabhairt ag aon údarás lena mbaineann nó arna thabhairt dó nó a mheastar a bheith tugtha ag aon údarás lena mbaineann nó a bheith tugtha dó,
 - (iii) aon cheadúnas, deimhniú, cead, toiliú, ceadú, díolúine nó maolú arna dheonú nó arna thabhairt ag aon

Cd. V A.34

údarás lena mbaineann, nó arna dheonú nó arna thabhairt dó, nó a mheastar a bheith deonaithe nó tugtha ag aon údarás lena mbaineann, nó a bheith deonaithe nó tugtha dó,

(iv) aon iarratas, togra nó agóid arna dhéanamh ag aon údarás lena mbaineann nó arna dhéanamh chuige nó a mheastar a bheith déanta ag aon údarás lena mbaineann nó a bheith déanta chuige,

(v) aon choinníoll nó ceanglas arna fhorchur ag údarás lena mbaineann nó arna fhorchur air nó a mheastar a bheith forchurtha ag údarás lena mbaineann nó a bheith forchurtha air.

(7) Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gcoigeartú faoi mhír (f) d'fho-alt (5) nó i gcomhaontú faoi mhír (h) den fho-alt sin—

(a) i gcás maoine dá dtagraítear i bhfomhír (ii) den mhír sin (f), foráil maidir le haon údarás lena mbaineann do choinneáil na maoine nó maidir leis an maoin a aistriú chuig údarás eile lena mbaineann nó maidir le comhúsáid na maoine sin ag dhá údarás nó níos mó lena mbaineann, agus

(b) i gcás féich nó dliteanais eile dá dtagraítear i bhfomhír (iii) den mhír sin, foráil maidir le haon údarás lena mbaineann d'iompar iomlán an fhéich nó an dliteanais sin nó maidir leis an dliteanas a chionroinnt idir dhá údarás nó níos mó lena mbaineann.

(8) A mhéid a bhaineann le húdaráis áitiúla d'aicme fhorordaithe nó d'aicmí forordaithe, ní fhéadfar foráil a dhéanamh le hordú forlíontach maidir le cibé nithe arna sonrú i bhfo-alt (5)(f) a fhorordófar.

(9) I gcás go ndéanfar athrú ar theorainn le hordú príomha, déanfar aon tagairt in aon achtachán do chontae, contaebhuirg nó buirg eile, ceantar coiste, ceantar uirbeach nó baile, cibé acu do na limistéir sin go ginearálta nó d'aon limistéar áirithe den sórt sin, a fhorléiriú, faoi réir aon fhorála dá malairt in ordú forlíontach agus mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairt do limistéar an chontae, na contaebhuirge nó na buirge eile, an cheantair coiste, an cheantair uirbigh nó an bhaile sin arna athrú amhlaidh.

CD. V
Idirthréimhseach.

35.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le cás i leith athraithe ar theorainn limistéir feidhme údaráis áitiúil ar cás é a bheidh le cinneadh ag an Aire de bhun achtacháin roimh thosach feidhme alt 4 i ndáil leis an achtachán sin.

(2) Féadfaidh an tAire, i ndáil le cás lena mbaineann an t-alt seo, an cás a chinneadh de réir fhorálacha an achtacháin lena mbaineann d’ainneoin thosach feidhme alt 4 i ndáil leis an achtachán sin.

CUID VI

COISTÍ AGUS COMHCHOISTÍ ÚDARÁS ÁITIÚIL

“Údarás áitiúil”
(Cuid VI).

36.—Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt,

ní fholaíonn “údarás áitiúil” coiste nó comhchoiste.

Coistí údarás áitiúil.

37.—(1) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, más cuí leis déanamh amhlaidh—

(i) coiste a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le feidhmeanna an údaráis agus a thar-chuirfidh an t-údarás chuige agus chun comhairle a thabhairt don údarás maidir leis na nithe sin, nó

(ii) coiste a bhunú chun feidhmeanna de chuid an údaráis a bheidh tarmligthe chuige faoin alt seo a chomhlíonadh,

agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, tagairtí sa Chuid seo do choiste is tagairtí iad do choiste arna bhunú faoin mír seo.

(b) Féadfaidh údarás áitiúil níos mó ná coiste amháin a bhunú.

(c) Ní bhunóidh údarás áitiúil coiste chun nithe a bhreithniú a bhaineann le feidhmeanna an údaráis i gcoitinne i leith toghlimistéir áitiúil áirithe, nó chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

CD. VI A.37

(2) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, aon cheann dá fheidhmeanna a tharmligean, maille le srianta nó gan srianta, chun coiste arna bhunú faoi fho-alt (1) (a) (ii) ar feidhmeanna iad a fhéadfar a chomhlíonadh le rún seachas an chumhacht chun an meastachán ar chaiteachais an údaráis a ghlacadh nó chun ráta a dhéanamh nó airgead a fháil ar iasacht nó aon fheidhmeanna forordaithe eile.

(b) Gan dochar d'aon cheanglais iomchuí eile, beidh sé riachtanach chun rún a rith faoi mhír (a) gur mó ná leath líon iomlán chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann líon na gcomhaltaí den údarás a vótáil-faith i bhfabhar an rúin.

(3) Féadfaidh údarás áitiúil, le rún, coiste a bheidh bunaithe aige a dhíscaoileadh ach beidh an díscaoileadh gan dochar d'aon ní a bheidh déanta roimhe sin ag an gcoiste.

(4) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo nó le halt 18 nó 38 nó ar shlí eile le dlí, ní bheidh sé dleathach d'údarás áitiúil coiste a bhunú nó aon cheann dá fheidhmeanna a tharmligean chun coiste.

(5) D'ainneoin achtachán a aisghairm faoi alt 4 nó a fhoirceannadh faoi alt 40, ar achtachán é lena raibh nó faoina raibh coiste údaráis áitiúil arna bhunú díreach roimh an aisghairm nó díreach roimh an bhfoirceannadh sin, leanfaidh an coiste de bheith arna bhunú tar éis na haisghairme nó an fhoirceannaidh sin amhail is dá mbeadh sé arna bhunú faoin alt seo agus beidh feidhm ag an gCuid seo agus beidh éifeacht léi dá réir sin i ndáil leis.

Comhchoistí údarás áitiúil.

38.—(1) Féadfaidh dhá údarás áitiúla nó níos mó, más cuí leo déanamh amhlaidh, le rún ó gach ceann de na húdaráis—

(a) comhchoiste de na húdaráis sin a bhunú i gcomhpháirt chun breithniú a dhéanamh ar nithe i ndáil le feidhmeanna na n-údarás a shonraítear sa rún agus chun comhairle a thabhairt do na húdaráis maidir leis na nithe sin,

(b) comhchoiste de na húdaráis sin a bhunú i gcomhpháirt chun feidhmeanna de chuid na n-údarás sin a bheidh tarmligthe acu chuige faoi fho-alt (5) a chomhlíonadh,

CD. VI A.38

agus, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, tagairtí sa Chuid seo do chomhchoiste is tagairtí iad do chomhchosite arna bhunú faoin bhfo-alt seo.

(2) Féadfaidh údarás áitiúil a bheith páirteach i mbunú níos mó ná comhchoiste amháin.

(3) Féadfaidh na húdaráis áitiúla chéanna níos mó ná comhchoiste amháin a bhunú.

(4) I gcás go ndéanfar foráil amhlaidh, le toiliú an Aire, leis na rúin faoi fho-alt (1) a bhaineann le comhchoiste—

(a) beidh an comhchoiste ina chomhlacht corpraithe agus comh-arbas suthain aige agus tabharfar cibé ainm air a bheidh sonraithe sna rúin nó a chinnfidh an comhchoiste,

(b) féadfaidh an comhchoiste agairt a dhéanamh agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe,

(c) beidh cumhacht ag an gcomhchoiste talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt,

(d) beidh gnáthshéala ag an gcomhchoiste a fhíordheimhneofar le síniú chathaoirleach an chomhchoiste, nó le síniú comh-alta éigin eile den chomhchoiste arna údarú ag an gcomhchoiste chun na críche sin nó le síniú oifigigh den chomhchoiste arna údarú ag an gcomhchoiste chun na críche sin,

(e) tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala an chomhchoiste agus gach doiciméad a airbheartóidh a bheith ina ordú nó ionstraim eile arna dhéanamh aige agus a bheith séalaithe lena shéala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe de réir mhír (d)) glacfar i bhfianaise é agus measfar gurb é an t-ordú nó an ionstraim sin é gan tuilleadh cruthúnais mura suífear a mhalairt.

(5) (a) Faoi réir fhorálacha an fho-ailt seo, féadfaidh údarás áitiúil, le rún, le toiliú na n-údarás áitiúil eile lena mbain-eann, aon cheann dá fheidhmeanna a fhéadfar a chomhlíonadh le rún, a tharmligean, maille le srianta nó gan srianta, chun comhchoiste arna bhunú faoi fho-alt (1) (b).

CD. VI A.38

(b) Ní bhaineann mír (a) le cumhachtaí údaráis áitiúil an meas-tachán ar chaiteachais an údaráis a ghlacadh nó ráta a dhéanamh nó le haon fheidhmeanna forordaithe eile.

(c) Gan dochar d'aon cheanglais iomchuí eile, beidh sé riacht-anach chun rún a rith faoi mhír (a) go mbeidh an líon de chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann a vótálfaidh i bhfabhar an rúin níos mó ná leath líon iomlán chomh-altaí an údaráis.

(6) Féadfaidh an tAire a ordú d'údarás áitiúil comhchoiste a bhunú faoi fho-alt (1), ar cibé téarmaí agus coinníollacha, agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, a bheidh sonraithe san ordachán, i gcomh-ar le cibé údarás áitiúil amháin eile nó níos mó a bheidh sonraithe san ordachán agus cibé cinn d'fheidhmeanna an údaráis a bheidh sonraithe san ordachán a tharmligean chun an choiste faoi réir cibé coinníollacha nó srianta (más ann) a bheidh sonraithe san ordachán.

(7) Féadfar comhchoiste a dhíscaoileadh le rún ó aon cheann de na húdaráis áitiúla a bhunaigh é, le toiliú an Aire (i gcás comhchoiste arna bhunú de bhun ordacháin faoi fho-alt (6)) ach beidh an díscail-eadh gan dochar d'aon ní a bheidh déanta roimhe sin ag an gcoiste.

(8) (a) D'ainneoin achtachán a aisghairm faoi alt 4 nó a fhoir-ceannadh faoi alt 40 ar achtachán é lena raibh nó faoina raibh comhchoiste d'údarás áitiúil arna bhunú díreach roimh an aisghairm nó díreach roimh an bhfoirceannadh sin, leanfaidh an coiste de bheith arna bhunú tar éis na haisghairme nó an fhoirceannaidh sin agus measfar é a bheith arna bhunú faoin alt seo agus beidh feidhm ag an gCuid seo agus beidh éifeacht léi dá réir sin i ndáil leis.

(b) Ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo nó ar shlí eile le dlí, ní bheidh sé dleathach d'údaráis áitiúla comhchoiste a bhunú nó aon cheann dá bhfeidhmeanna a tharmligean chun comhchoiste.

(9) San alt seo foláionn “údarás áitiúil” cibé daoine eile (más ann) a bheidh forordaithe.

Comhaltas de
choistí agus de
chomhchoistí.

39.—(1) (a) Déanfar na comhaltaí de choiste a cheapadh le rún ón údarás áitiúil a bhunaigh é.

CD. VI A.39

- (b) Is é a bheidh i gcoiste cibé líon daoine (nach lú ná 3) is cuí leis an údarás áitiúil a bhunaigh é agus féadfaidh sé, faoi réir mhíreanna (c) agus (d), de rogha an údaráis áitiúil a bhunaigh é, gurb é a bheidh ann go hiomlán ná daoine atá ina gcomhaltaí den údarás sin nó go páirteach daoine atá ina gcomhaltaí den sórt sin agus, go páirteach, daoine nach bhfuil ina gcomhaltaí den sórt sin.
 - (c) Ní dhéanfar duine nach comhalta den údarás áitiúil lena mbaineann a cheapadh chun bheith ina chomhalta de choiste mura rud é, i dtuairim an údaráis, gur duine é ag a bhfuil eolas, cáilíochtaí nó taithí is iomchuí maidir le feidhmeanna an choiste.
 - (d) Beidh trian ar a laghad de na daoine a cheapfar chun bheith ina gcomhaltaí de choiste ina ndaoine is comhaltaí den údarás áitiúil a bhunaigh é.
- (2) (a) Maidir leis na comhaltaí de chomhchoiste, déanfaidh na húdaráis áitiúla a bhunaigh é iad a cheapadh sa tslí seo a leanas, is é sin le rá, déanfaidh gach údarás den sórt sin cibé líon daoine a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí den chomhchoiste ar a gcomhaontóidh na húdaráis sin.
- (b) Is é a bheidh i gcomhchoiste cibé líon daoine (nach lú ná 6) ar a gcomhaontóidh na húdaráis áitiúla a bhunaigh é agus féadfaidh sé, faoi réir mhíreanna (c) agus (d), de rogha na n-údarás sin, gurb é a bheidh ann go hiomlán ná daoine atá ina gcomhaltaí de na húdaráis sin nó, go páirteach daoine atá ina gcomhaltaí den sórt sin, agus go páirteach, daoine nach bhfuil ina gcomhaltaí den sórt sin.
 - (c) Ní dhéanfar duine nach comhalta de cheann de na húdaráis áitiúla lena mbaineann a cheapadh chun bheith ina chomhalta de chomhchoiste mura rud é, i dtuairim an údaráis a cheapfaidh é amhlaidh, go bhfuil eolas, cáilíochtaí nó taithí aige is iomchuí maidir le feidhmeanna an chomhchoiste.
 - (d) Beidh trian ar a laghad de na daoine a cheapfaidh aon údarás áitiúil chun bheith ina gcomhaltaí de

CD. VI A.39

chomhchoiste ina ndaoine atá ina gcomhaltaí den údarás sin.

(3) Ní bheidh duine is comhalta de choiste nó de chomhchoiste i dteideal vótáil i leith feidhm údaráis áitiúil a chomhlíonadh ar feidhm í a bheidh tarmligthe chun an choiste nó chun an chomhchoiste mura comhalta é den údarás áitiúil a cheap é chun bheith ina chomhalta den choiste nó den chomhchoiste.

Rialacháin
(Cuid VI).

40.—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh—

(a) maidir le limistéar dlínse coiste nó comhchoiste,

(b) maidir le díscaoileadh coiste nó comhchoiste,

(c) ag sonrú coinníollacha, srianta nó forálacha eile a mbeidh feidhm acu maidir le feidhmeanna a tharmligean chun coiste nó comhchoiste nó maidir le tarmligean feidhmeanna chun coiste nó comhchoiste a chúlghairm,

(d) maidir le nósanna imeachta, riarachán ginearálta agus airgeadas ginearálta coistí agus comhchoistí,

(e) maidir le cibé nithe eile a bhaineann le coistí agus comhchoistí is cuí leis an Aire.

(2) Ar thosach feidhme na Coda seo agus rialachán faoin alt seo, déanfar na nithe lena mbaineann an Chuid seo agus a ndearnadh na rialacháin ina leith, maidir le haon údarás áitiúil lena mbaineann, a rialú le forálacha na Coda seo agus na rialachán, agus scoirfidh cibé forálacha roimhe sin (cibé acu a rinneadh iad le reacht nó faoi reacht) a shonrófar sna rialacháin a bhfuil feidhm acu maidir leis an údarás sin agus a bhaineann leis na nithe sin d'éifeacht a bheith leo maidir leis an údarás sin.

CUID VII

ILGHNÉITHEACH

Feidhmeanna
forchoimeáda.

41.—(1) Beidh sé ina fheidhm ghinearálta ag comhaltaí údaráis áitiúil beartas an údaráis áitiúil a chinneadh le rún de réir agus faoi réir fhorálacha na n-achtachán a bhaineann leis an údarás sin.

CD. VII A.41

(2) Féadfaidh an tAire le hordú a dhearbhu go gcomhlíonfar feidhm shonraithe nó feidhmeanna sonraithe údarás áitiúil le rún ó chomhaltaí na n-údarás.

(3) Aon uair a bheidh, agus fad a bheidh, ordú i bhfeidhm faoin alt seo ar ordú é lena bhforáiltear go gcomhlíonfar feidhmeanna údarás áitiúil le rún ó chomhaltaí an údarás, déanfar an fheidhm a chomhlíonadh amhlaidh agus is feidhm fhorchoimeáda de chuid an údarás í chun críocha na nAchtanna seo a leanas—

(a) i gcás gur bardas contaebhuirge an t-údarás, na hAchtanna a bhaineann lena bhainistíocht, agus

(b) in aon chás eile, na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1988,

agus déanfar tagairtí sna hAchtanna maidir le bainistíocht contaebhuirgí d'orduithe á cheangal go gcomhlíonfaidh na comhairlí feidhmeanna comhairlí contaebhuirgí go díreach a fhorléiriú mar thagairtí a fholaíonn tagairtí d'orduithe faoin alt seo agus d'orduithe faoi alt 3 (7) lena bhforáiltear go ndéanfar feidhmeanna údarás áitiúil a chomhlíonadh le rún ó chomhaltaí an údarás.

(4) San alt seo—

ní fholaíonn “feidhmeanna” feidhm a bhaineann le hoifigigh nó seirbhísigh údarás áitiúil nó rialú, maoirseacht, seirbhís, luach saothair, pribhléidí nó aoisliúntas na n-oifigeach nó na seirbhíseach sin nó aon chuid díobh;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955.

(5) D’ainneoin alt 4, maidir le haon ordú faoi alt 8 den Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1929, alt 51 den Acht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930, alt 12 d’Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934, alt 11 d’Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939, nó alt 16 den Acht um Bainistí Chontae, 1940, a bheidh i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme alt 4 (a mhéid a bhaineann sé leis an alt faoina ndearnadh an t-ordú), leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm tar éis an tosach feidhme sin amhail is go ndearnadh é faoin alt seo agus féadfar é a leasú nó a chúlghairm dá réir sin.

Liúntais do
chathaoirligh údarás
áitiúil.

42.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil liúntas a íoc le cathaoirleach an údarás i gcomhair caiteachas réasúnach.

CD. VII A.42

(2) Is feidhm fhorchoimeádta é cinneadh a dhéanamh chun liúntas a fóc faoi fho-alt (1) agus méid an liúntais a chinneadh.

(3) Déanfar cóip de gach rún a ghlacfaidh údarás áitiúil faoin alt seo a thabhairt don Aire.

(4) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, ordacháin a eisiúint chuig údaráis áitiúla nó chuig aicmí sonraithe údaráis áitiúil chun críocha an ailt seo agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, féadfar a shonrú sna hordacháin sin méideanna uasta na liúntas is infíoitha faoin alt seo, lena n-áirítear méideanna éagsúla den sórt sin le haghaidh aicmí éagsúla údaráis áitiúil.

(5) San alt seo folaíonn “an cathaoirleach”, i ndáil le húdarás áitiúil, i gcás buirge, ardmhéara nó méara údaráis den sórt sin.

Údaráis réigiúnacha a bhunú.

43.—(1) Chun comhordú ar sholáthar seirbhísí poiblí a chur chun cinn i limistéir éagsúla den Stát féadfaidh an tAire, le hordú, arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais (dá ngairtear “ordú bunaithe” san alt seo)—

(a) a dhearbhu gur réigiún a bheidh i limistéar arb é a bheidh ann contaetha nó contaebhuirgí sonraithe, agus

(b) comhlacht (dá ngairtear “údarás réigiúnach” san alt seo) a bhunú i leith an réigiúin arb iad a chomhaltaí daoine atá ina gcomhaltaí de chomhairle chontae nó chontaebhuirge a n-áirítear a limistéar feidhme sa réigiún sin chun cibé feidhmeanna a thugtar dó leis an alt seo nó faoin alt seo a chomhlíonadh sa réigiún i ndáil le soláthar seirbhísí poiblí a chomhordú sa réigiún.

(2) (a) Gairfear d’údarás réigiúnach agus tabharfar air cibé teideal a shonrófar san ordú bunaithe lena mbaineann.

(b) Beidh údarás réigiúnach ina chomhlacht corpraithe agus comharbas suthain agus séala oifigiúil aige agus beidh cumhacht aige agairt a dhéanamh agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe agus beidh cumhacht aige talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(c) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala údaráis réigiúnaigh agus glacfar i bhfianaise gach doiciméad a airbheartóidh

CD. VII A.43

a bheith ina ordú nó ina ionstraim eile a rinne an t-údarás sin agus a bheith séalaithe lena shéala (a airbheartóidh a bheith fíordheimhnithe ar an modh dá bhforáiltear san ordú bunaithe) agus measfar gurb é an t-ordú sin é nó gurb í an ionstraim sin í gan tuilleadh cruthúnais mura suífear a mhalairt.

(3) Ceanglóidh ordú bunaithe ar údarás réigiúnach a bhunaítear leis an ordú séala oifigiúil a sholáthar dó féin agus ní mór cibé forálacha a bheith san ordú is cuí leis an Aire maidir le comhaltas an údaráis (lena n-áirítear forálacha maidir leis an líon comhaltaí san údarás, maidir le modh, téarmaí agus coinníollacha a gceapacháin agus maidir lena scilbh oifige).

(4) (a) Féadfaidh cibé forálacha eile a mheasfaidh an tAire a bheith riachtanach a bheith in ordú bunaithe nó in ordú ag leasú nó ag cúlghairm ordú bunaithe ar forálacha iad a éiríonn as dearbhú, mar gheall ar dhearbhu, chun críocha dearbhaithe, nó chun éifeacht iomlán a thabhairt do dhearbhu, faoi fho-alt (1), nó do bhunú nó do dhíscaoil-eadh údaráis áitiúil agus féadfaidh forálacha a bheith in ordú den sórt sin maidir le haon ní ar bith a éiríonn maidir leis an dearbhú, leis an mbunú nó leis an díscaoil-eadh sin nó maidir le feidhmeanna an údaráis réigiúnaigh lena mbaineann.

(b) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), féadfaidh ordú dá dtagraítear sa mhír sin foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas go léir nó aon cheann díobh i leith údaráis réigiúnaigh arna bhunú leis an ordú bunaithe:

- (i) feidhmeanna a thabhairt don údarás i ndáil le soláthar seirbhísí poiblí nó seirbhísí poiblí sonraithe a chomh-ordú i réigiún an údaráis,
- (ii) riarachán i gcoitinne agus airgeadas i gcoitinne an údaráis,
- (iii) cruinnithe an údaráis agus an nós imeachta ag na cruinnithe sin,
- (iv) úsáid agus fíordheimhniú shéala an údaráis,
- (v) an tAire d'íoc deontas de cibé méideanna a bheidh ceadaithe ag an Aire Airgeadais, as airgead a shol-

CD. VII A.43

áthróidh an tOireachtas, faoi chomhair chaiteachais an údaráis,

- (vi) na húdaráis áitiúla, arb é atá iontu, maidir leis an údarás, údaráis áitiúla dá dtagraítear i bhfo-alt (1) (b), nó údaráis áitiúla sonraithe eile d'íoc iomlán chostais agus chaiteachais an údaráis nó cuid de chostais agus caiteachas an údaráis leis an údarás ar cibé slí a bheidh sonraithe,
- (vii) an t-údarás do thabhairt faisnéise don Aire nó d'údaráis áitiúla shonraithe nó d'údaráis phoiblí shonraithe eile ó am go ham maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus do thabhairt faisnéise den sórt sin don Aire aon uair a iarrfaidh sé amhlaidh,
- (viii) an t-údarás do dhéanamh socrúithe le húdaráis phoiblí eile chun go n-úsáidfídh sé áitreabh nó trealamh de chuid na n-údarás sin nó chun go n-úsáidfídh sé seirbhísí oifigeach agus seirbhíseach de chuid na n-údarás sin,
- (ix) nithe a dtabharfaidh an t-údarás aird orthu le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh,
- (x) an tAire do thabhairt ordachán don údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna,
- (xi) díscóileadh an údaráis,
- (xii) aon ní eile a measann an tAire gur ceart foráil a dhéanamh ina leith chun a chumasú don údarás a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach nó maidir lena dhíscóileadh.

(5) Féadfaidh ordú bunaithe nó ordú dá dtagraítear i bhfo-alt (4) (a) gach ceann nó aon cheann d'fhorálacha aon achtacháin, nó gach ceann nó aon cheann d'fhorálacha a dhéantar faoi aon achtachán, a bhaineann le húdaráis áitiúla, a chur i bhfeidhm, fara aon mhodhnuithe nó coigeartuithe is gá, maidir le húdarás réigiúnach a bhunaítear leis an ordú bunaithe.

CD. VII A.44

(a) déanfar an fógra a shonraítear i bhfo-alt (2) den alt sin, i gcás rúin faoin alt sin a bhaineann le feidhm pleanála, a shíniú—

(i) más rud é go mbeidh an talamh lena mbaineann suite i dtoghlimistéar áitiúil amháin, ag triúr comhaltaí ar a laghad den údarás áitiúil lena mbaineann, ar comhaltaí iad arb é atá iontu nó a n-áirítear orthu trí cheathrú ar a laghad de líon iomlán na gcomhaltaí a bheidh arna dtoghadh chuig an údarás don limistéar sin (gan aird a thabhairt ar chodáin), agus

(ii) más rud é go mbeidh an talamh lena mbaineann suite i níos mó ná toghlimistéar áitiúil amháin, ag trí cheathrú ar a laghad, maidir le gach limistéar den sórt sin, de líon iomlán chomhaltaí an údaráis a bheidh arna dtoghadh don limistéar sin (gan aird a thabhairt ar chodáin),

agus

(b) beidh sé riachtanach chun rún a rith faoin alt sin maidir le feidhm pleanála nach mbeidh an líon de chomhaltaí an údaráis áitiúil lena mbaineann a vótálfaidh i bhfabhar an rúin níos lú ná trí cheathrú de líon iomlán chomhaltaí an údaráis (gan aird a thabhairt ar chodáin).

(2) San alt seo ciallaíonn “feidhm pleanála” feidhm údaráis phleanála (de réir bhrí an Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963)—

(a) maidir le cinneadh údaráis den sórt sin a dhéantar faoi Chuid IV den Acht sin nó dá bhun—

(i) i leith iarratais ar chead nó ar cheadú chun talamh a fhorbairt, nó

(ii) de bhun coinníll a bheidh i gceangal le cead nó le ceadú a dheonaítear faoin gCuid sin,

nó

(b) maidir le cinneadh faoi alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1982.

CD. VII
Leasú ar an Acht
Rialtais Áitiúil
(Pleanáil agus
Forbairt), 1963.

45.—Leasaítear leis seo alt 26 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963, trí “nach lú ná trí cheathrú de líon iomlán chomhaltaí an údaráis phleanála (gan aird a thabhairt ar chodáin)” a chur in ionad “gur mó ná trian de líon iomlán comhaltaí an údaráis phleanála” i bhfo-alt (3) (b) (a cuireadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976).

Costais
siamsaíochta agus
costais ghaolmhara
údarás áitiúil.

46.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil caiteachas réasúnach a thabhtú chun fáiltithe agus siamsaíocht a chur ar fáil agus chun bronnadh a dhéanamh nó i ndáil leis na nithe sin—

(a) i gcás daoine oirirce, agus

(b) i gcás imeachtaí speisialta is iomchuí dá fheidhmeanna a sheoladh.

(2) Is feidhm fhorchoimeáda é cinneadh a dhéanamh chun cait-eachas a thabhtú faoi fho-alt (1).

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, ordacháin a eisiúint chun críocha an ailt seo chuig údaráis áitiúla nó chuig aicmí sonraithe údarás áitiúil agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh na hordacháin sin na méideanna uasta a shonrú a fhéadfar a chaitheamh faoin alt seo i leith tréimhsí sonraithe nó i leith aicmí áirithe imeachtaí.

(4) Déanfar sonraí maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag údarás áitiúil in aon bhliain airgeadais áitiúil faoin alt seo a thaifeadadh i dtuascáil an údaráis don bhliain sin.

Seilbh oifige ag
bainisteoirí.

47.—(1) D’ainneoin aon achtacháin eile nó aon ionstraime a dhéanfar faoi, duine a cheapfar chun oifige bainisteora tar éis thosach feidhme an ailt seo nó chun oifige arna bunú le halt 21, déanfaidh sé, mura rud é go n-éagfaidh sé, go n-éireoidh sé as nó go gcuirfear as oifig é níos luaithe, an oifig a shealbhú i rith cibé ceann de na tréimhsí seo a leanas is giorra agus ar dhul in éag don tréimhse sin scoirfidh sé den oifig a shealbhú, is é sin le rá:

(a) tréimhse de cibé fad a shonróidh an tAire le hordú,

(b) an tréimhse ó dháta an cheapacháin go dtí an dáta a sroichfidh sé cibé aois a shonróidh an tAire le hordú,

CD. VII A.47

agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh an tAire le hordú cibé forálacha a dhéanamh is cuí leis maidir leis na tréimhsí a shonraítear i míreanna (a) agus (b) i ndáil le hoifigigh údarás áitiúil do shealbhú oifige ar thosach feidhme an ailt seo faoi threoir aois na n-oifigeach sin.

(2) Chun críche an ailt seo, maidir le tréimhse a bheidh tugtha ag fónamh in oifig bainisteora contae dá dtagraítear in alt 22 ag duine arna cheapadh chun na hoifige sin de bhua an ailt sin, measfar go bhfolóidh sí an tréimhse a bheidh tugtha ag an duine sin san oifig arna bunú le halt 21 a shealbhóidh an duine sin díreach roimh a cheapachán chun oifig sin an bhainisteora contae.

Onóracha sibhialta.

48.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil onóir shibhialta a bhronnadh ar dhuine oirirc ar cibé slí a chinnfidh sé lena n-áirítear an duine a ghlacadh chun saoirse onórach a limistéir feidhme agus féadfaidh sé rolla a bhunú agus a choimeád ina dtaifeadfar ainmneacha daoine a onóraítear amhlaidh.

(2) Is feidhm fhorchoimeádta é údarás áitiúil do chinneadh onóir shibhialta a bhronnadh ar dhuine.

(3) Ní bheidh éifeacht leis an aisghairm a dhéantar leis an Acht seo ar an *Municipal Privileges (Ireland) Act*, 1876, maidir le haon duine ar feidhmíodh an chumhacht a thugtar le halt 11 den Acht sin ina leith.

Nascadh limistéar údaráis áitiúil.

49.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil socruithe a dhéanamh chun a limistéar feidhme nó cuid de a nascadh le haon limistéar eile nó chun ceangail eile dá shamhail sin a bhunú le haon limistéar eile, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de.

(2) Is feidhm fhorchoimeádta é a chinneadh socrú a dhéanamh faoi fho-alt (1).

(3) Ní dhéanfaidh údarás áitiúil socrú faoi fho-alt (1) mura rud é, ag féachaint do na nithe a shonraítear anseo thíos, gur deimhin leo go bhfuil gá leis an socrú, agus is iad seo a leanas na nithe réamhráite—

(a) na sochair dá bharr is dóigh a fhabhróidh dá limistéar feidhme agus don phobal áitiúil,

(b) leasanna sóisialta, cultúrtha agus ginearálta a limistéir feidhme agus an phobail áitiúil,

CD. VII A.49

(c) an costas dá bharr.

(4) Féadfaidh an tAire ordacháin a eisiúint chuig údaráis áitiúla nó chuig aicmí sonraithe údarás áitiúil chun críocha an ailt seo.

(5) I dtuarascáil údaráis áitiúil d'aon bhliain, déanfar sonraí a thairdeadh maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil faoin alt seo don bhliain sin.

Tuarascáil bhliantúil
údarás áitiúil.

50.—(1) Déanfaidh údarás áitiúil, tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú agus a ghlacadh (ar a dtabharfar tuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil agus dá ngairtear “tuarascáil” san Acht seo) maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana roimhe sin agus déanfaidh sé, a luaithe is féidir, cóip den tuarascáil a thabhairt do gach comhalta den údarás agus do cibé daoine eile (más ann) a fhorordófar.

(2) Déanfar an méid seo a leanas a áireamh i dtuarascáil ó údarás áitiúil:

(a) sonraí maidir leis na beartais, na cláir, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eile ar thug an t-údarás áitiúil fóthu,

(b) cibé sonraí a cheanglaítear, le haon fhoráil eile den achtachán seo nó d'aon achtachán eile, a chur san áireamh sa tuarascáil,

(c) sonraí i ndáil le haon Achtanna ar glacadh leo nó orduithe, rialacháin, fodhlíthe, rialacha nó ionstraimí eile a rinneadh faoi reacht le rún ó chomhaltaí an údaráis i rith na bliana lena mbaineann an tuarascáil,

(d) cibé sonraí eile (lena n-áirítear ráitis airgeadais) a chinnfidh an t-údarás áitiúil nó a ordóidh an tAire.

(3) Is feidhm fhorchoimeádta é údarás áitiúil do ghlacadh a thuarascála.

(4) Déanfar cóipeanna de thuarascáil údaráis áitiúil a chur ar fáil ag príomhoifig an údaráis i rith gnáthuaire oifige lena n-íniúchadh ag daoine den phobal nó lena gceannach ag na daoine sin ar cibé praghas a chinnfidh an t-údarás agus tabharfaidh údarás áitiúil fógra poiblí faoin dáta amhail ar a ndéanfar agus óna ndéanfar tuarascáil a chur ar fáil amhlaidh.

CD. VII A.50

(5) San alt seo ciallaíonn “údarás áitiúil” comhairle chontae nó bardas contaebhuirge.

Costais comhaltaí údarás áitiúil agus ionadaíocht d’údaráis áitiúla ag comhdhálacha.

51.—(1) Féadfaidh údarás áitiúil, faoi réir agus de réir rialachán arna ndéanamh faoi fho-alt (3), íocaíochtaí a dhéanamh lena chomhaltaí i leith costas arna dtabhú go réasúnach ag comhaltaí maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) freastal ar chruinniú den údarás nó de choiste nó comhchoiste ar comhaltaí díobh iad,
 - (b) freastal, a bheidh údaraithe ag an údarás, ar chruinniú de chomhlachas forordaithe údarás áitiúil ar comhalta de an t-údarás,
 - (c) freastal, a bheidh údaraithe ag an údarás, ar chomhdháil, ar sheimineár nó ar chruinniú nó imeacht eile a bhfuil an t-údarás, de bhun fho-alt (2), i dteideal ionadaíocht a bheith aige air,
 - (d) cuairteanna, a bheidh údaraithe ag an údarás, ar limistéar lena bhfuil aon chuid de limistéar feidhme an údaráis nasctha de bhun alt 49,
 - (e) aon ní forordaithe.
- (2) (a) Féadfaidh údarás áitiúil, faoi réir fhorálacha an ailt seo, a údarú do chomhalta amháin nó níos mó dá chuid ionadaíocht a dhéanamh dó ag comhdháil, ag seimineár nó ag cruinniú nó imeacht eile a thionóltar, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh de, chun faisnéis a phlé nó a thabhairt a bhaineann le haon ní nó maidir le haon ní is cúram don údarás maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna agus ar ní é is iomchuí dá limistéar feidhme agus dá phobal áitiúil.
- (b) Ní thabharfaidh údarás áitiúil údarú faoi mhír (a) mura rud é, tar éis dóibh aird a thabhairt ar na nithe a shonraítear anseo thíos, gur deimhin leo go bhfuil gá leis an údarú, agus is iad seo a leanas na nithe réamhráite—
- (i) na sochair dá bharr is dóigh a fhabhróidh,
 - (ii) leasanna ginearálta a limistéir feidhme agus an phobail áitiúil,

CD. VII A.51

(iii) an costas dá bharr.

(3) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh chun críche an ailt seo agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh na rialacháin foráil a dhéanamh maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) íocaíochtaí le comhaltaí d'údaráis áitiúla i leith costas réasúnach arna dtabhú acu i ndáil le gach freastal ar chruinniú den údarás, den choiste nó den chomhchoiste lena mbaineann nó i ndáil le líon uasta sonraithe de na cruinnithe sin nó suim bhliantúil ilchodach a íoc i leith na bhfreastal sin go léir,
- (b) íocaíochtaí le comhaltaí d'údaráis áitiúla i leith costas réasúnach arna dtabhú acu i ndáil le freastal a dhéanamh, a bheidh údaráithe ag na húdaráis lena mbaineann, ar na cruinnithe nó na himeachtaí sin a dúradh nó i ndáil le cuairteanna a dúradh arna n-údarú amhlaidh,
- (c) an líon uasta d'ionadaithe údaráis áitiúil nó na comhlíonta uasta d'ionadaithe údarás áitiúil i gcoitinne nó d'aicme nó d'aicmí áirithe údarás áitiúil ag na cruinnithe nó na himeachtaí sin nó ar na cuairteanna sin a dúradh,

(d) an tAire nó duine sonraithe eile do chinneadh—

(i) an ceart agus, más ceart, a mhéid is ceart, d'údaráis áitiúla i gcoitinne nó d'údaráis d'aicme nó d'aicmí áirithe, agus

(ii) cad iad na húdaráis áitiúla áirithe is ceart,

ionadaíocht a bheith acu ag na cruinnithe nó na himeachtaí sin a dúradh i gcoitinne nó ag na cruinnithe nó na himeachtaí sonraithe sin nó ag aicme nó aicmí sonraithe de na cruinnithe nó na himeachtaí sin agus cén líon comhaltaí a fhéadfaidh ionadaíocht a dhéanamh d'údaráis áitiúla aonair ag na cruinnithe nó na himeachtaí sin,

(e) coinníollacha agus srianta i ndáil le híocaíochtaí a dhéanamh faoin bhfo-alt seo,

CD. VII A.51

(f) aon nithe eile is dóigh don Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha an ailt seo.

(4) Is feidhm fhorchoimeáda é cinneadh a dhéanamh chun freastal nó cuairt dá dtagraítear i mír (b), (c) nó (d) d'fho-alt (1) a údarú.

(5) San alt seo folaíonn “comhalta”, i ndáil le húdarás áitiúil, comhalta de choiste nó de chomhchoiste de chuid an údaráis.

(6) I dtuarascáil údaráis áitiúil d'aon bhliain, déanfar sonraí ar leithligh a thaifeadadh maidir le híocaíochtaí a dhéantar i leith an ní a shonraítear i ngach mír d'fho-alt (1) sa bhliain sin.

Cumhacht chun
achtacháin a leasú,
a aisghairm, etc.,
agus chun rialuithe
áirithe a fhearann
ar údaráis áitiúla a
ligean thar ceal.

52.—(1) Más rud é—

(a) de réir aon achtacháin, go mbeidh comhlíonadh feidhme ag údarás áitiúil nó ag oifigeach d'údarás áitiúil—

(i) faoi réir fógra a thabhairt don Aire nó dul i gcomhairle leis an Aire, nó

(ii) faoi réir ceadú nó comhthoilíú nó daingniú a fháil ón Aire,

nó faoi réir aon cheanglas eile a chomhlíonadh ar de chineál den tsamhail chéanna é agus a thugann feidhm don Aire atá cosúil leis na feidhmeanna a thugtar dó leis na ceanglais a shonraítear i míreanna (i) agus (ii),

agus

(b) gur deimhin leis an Aire nach gá an ceanglas a thuilleadh agus go ndéanfaí an fheidhm a chomhlíonadh go cuí gan an ceanglas a chomhlíonadh,

féadfadh sé, le rialacháin, a fhoráil go bhféadfar an fheidhm a chomhlíonadh i ngach cás nó i gcásanna sonraithe gan an ceanglas a chomhlíonadh ach faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar a chomhlíonadh agus, aon uair a bheidh rialacháin lena bhforáiltear amhlaidh i bhfeidhm, féadfar an fheidhm lena mbaineann a chomhlíonadh gan an ceanglas lena mbaineann a chomhlíonadh, ach de réir fhorálacha na rialachán.

CD. VII A.52

(2) I gcás gur dealraitheach don Aire—

(a) go bhfuil sé riachtanach nó fóirsteanach chun neamhréir-eacht idir foráil d'achtachán agus an tAcht seo a leigheas, nó

(b) go bhfuil sé riachtanach nó fóirsteanach chun go mbeidh éifeacht le foráil den sórt sin i gcomhréir leis an Acht seo,

féadfaidh an tAire, i ndáil le foráil den sórt sin, foráil a dhéanamh le rialacháin—

(i) go gcuirfear i bhfeidhm í fara aon mhodhnú nó oiriúnú a shonrófar sna rialacháin,

(ii) í a leasú ar shlí eile nó í a aisghairm, a chúlghairm nó a fhoirceannadh.

(3) Más rud é go n-éireoidh aon deacracht, ar aon dóigh, le linn aon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire le rialacháin aon rud a dhéanamh is dóigh dó a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun an deacracht sin a dhíchur, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh nó a hoibriú a áirithiú nó a éascú agus féadfaidh aon rialacháin den sórt sin aon fhoráil den Acht seo nó aon achtachán eile a mhodhnú a mhéid is riachtanach nó is fóirsteanach chun na gcríoch a dúradh ach ní dhéanfar aon rialacháin faoin bhfo-alt seo i ndáil le foráil den Acht seo tar éis 2 bhliain do dhul in éag ó thosach feidhme na forála sin.

Leasú ar Acht
na nÚdarás
nÁitiúil (Có-
Cheannach),
1939.

53.—Leasaítear leis seo alt 17 d'Acht na nÚdarás nÁitiúil (Có-Cheannach), 1939, trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3)—

“(2) Féadfaidh an tAire, le hordú, más cuí leis, maidir le bliain airgeadais áitiúil, an tsuim a dheimhniú a caitheadh, i rith na bliana sin, as airgead arna sholáthar faoi fho-alt (1) den alt seo chun an tAcht seo a thabhairt i bhfeidhm agus má dhéanann sé amhlaidh déanfar an tsuim sin a mheasúnú leis an ordú ar na contaetha agus ar na contaebhuirgí i gcomhréir leis an luach bliantúil, faoi na hAchtanna Luachála, don mhaoín is inráitithe de réir an ráta contae nó an ráta bhardasaigh, de réir mar is cuí, sna contaetha agus sna contaebhuirgí agus cuirfear cóipeanna den ordú chuig comhairle gach contae agus contaebhuirge.

CD. VII A.53

(3) I gcás go ndéanfar ordú faoin alt seo, déanfaidh comhairle gach contae agus contaebhuirge an méid a mheasúnófar ar an gcontae nó ar an gcontaebhuirg sin leis an ordú a íoc leis an Aire agus déanfaidh siad an méid a bheidh le híoc amhlaidh a chruinniú, i gcás contae, tríd an ráta contae mar mhuirear ar an gcontae iomlán nó, i gcás contaebhuirge, tríd an ráta bardasach.”.

Leasú ar an Acht
Rialtais Áitiúil,
1941.

54.—Leasaítear leis seo an tAcht Rialtais Áitiúil, 1941—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 35:

“35A. I gcás go mbeartaítear ordú a dhéanamh faoi alt 33 nó 35, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach acu sin.”, agus

(b) in alt 83, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an chuid sin den fho-alt roimh mhír (a):

“Féadfaidh an tAire, más cuí leis, an méid de chostais fiosrúcháin a chuirfidh sé faoi deara a dhéanamh faoin Acht seo nó faoi aon Acht eile a dheimhniú agus, má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh sé san áireamh sa deimhniú ordachán go n-íocfar leis na costais a bheidh deimhnithe amhlaidh—”.

Costais.

55.—(1) Déanfar na costais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

(2) Ach amháin i gcás ina bhforordófar a mhalairt, déanfar costais faoin Acht seo de chuid údaráis áitiúil, ar comhairle chontae é, a mhuirearú ar an gcontae (gan aon bhuirg nó ceantar uirbeach ann a áireamh).

(3) I ngach bliain airgeadais áitiúil, déanfar na méideanna a mheastar a bheith riachtanach i gcomhair na gcostas agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh dliteanas agus ceanglas údaráis áitiúil i rith na bliana airgeadais ina dhiaidh faoi ailt 5, 6, 42, 46, 49 agus 51 a thaispeáint ar leithligh san fhoirm fhorordaithe de réir bhrí alt 9 den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955.

Alt 4.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
3 & 4 Vict., c. 108	<i>Municipal Corporations (Ireland) Act, 1840</i>	Ailt 93 agus 102
8 & 9 Vict., c. 16	<i>Commissioners Clauses Act, 1847</i>	Ailt 49 agus 50
17 & 18 Vict., c. 103	<i>Towns Improvement (Ireland) Act, 1854</i>	An coinníoll a ghabhann le halt 5
39 & 40 Vict., c. 76	<i>Municipal Privileges (Ireland) Act, 1876</i>	An tAcht iomlán
41 & 42 Vict., c. 52	<i>Public Health (Ireland) Act, 1878</i>	Alt 5
48 & 49 Vict., c. 22	<i>Public Health and Local Government Conferences Act, 1885</i>	An tAcht iomlán
2 Edw. 7, c. 38	<i>Local Government (Ireland) Act, 1902</i>	Alt 16
1925, Uimh. 5	An tAcht Rialtais Áitiúla, 1925	Alt 58
1926, Uimh. 34	Acht na nÚdarás nÁitiúil (Comhar-Árachas), 1926	Alt 3 (4)
1929, Uimh. 1	Acht Bainistí Chathair Chorcaighe, 1929	Fo-ailt (2) go (4) d'alt 8
1930, Uimh. 27	An tAcht Rialtais Áitiúla (Baile Átha Cliath), 1930	Alt 27 agus fo-ailt (2) go (5) d'alt 51
1934, Uimh. 35	Acht Bainistí Chathair Luimnigh, 1934	Alt 7 (2), fo-ailt (2) go (6) d'alt 12 agus alt 38
1936, Uimh. 55	Acht na nÚdarás nÁitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1936	Alt 10
1939, Uimh. 25	Acht Bainistí Chathair Phortláirge, 1939	Alt 6, fo-ailt (2) go (6) d'alt 11 agus alt 36
1940, Uimh. 12	An tAcht um Bainistí Chontae, 1940	Fo-ailt (3) go (6) d'alt 16 agus alt 18

Sc.

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir agus Bliain (1)	Gearrtheideal (2)	Méid na hAisghairme (3)
1941, Uimh. 5	Acht Bainistí Chathair Chorcaighe (Leasú), 1941	Ailt 4 agus 25
1941, Uimh. 23	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1941	Alt 80
1945, Uimh. 8	An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1945	Alt 3
1946, Uimh. 24	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946	Alt 67
1955, Uimh. 9	An tAcht Rialtais Áitiúil, 1955	Ailt 60 agus 67
1963, Uimh. 19	An tAcht Toghcháin, 1963	Alt 87
1967, Uimh. 4	An tAcht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1967	An tAcht iomlán

